# Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2016



# Grúpa CIÉ

# Ceangal idir Daoine – Ceangal idir Áiteanna



## Clár na nÁbhar


Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin 2016 **1**

Ráiteas an Chathaoirligh **2**

Athbhreithniú Airgeadais 2016 **4**

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2016 **12**

Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa **26**

Coistí an Bhoird **27**

Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann **28**

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh **31**

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird **34**

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha **35**

Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais **37**

Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach **38**

Clár Comhardaithe Comhdhlúite **39**

Clár Comhardaithe Eintiteas CIÉ **40**

Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothromas **41**

Ráiteas um Athruithe ar Chothromas i gcás Eintiteas CIÉ **42**

Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid **43**

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais **44**

# Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin 2016

**Ioncam Ghrúpa CIÉ**
**2016 €1,218.4m**
2015 €1,153.0m

**Líon na bhfostaithe i nGrúpa CIÉ**
**2016 10,017**
2015 9,837

**Aistir Custaiméirí le Grúpa CIÉ**
**2016 251.2m**
2015 241.0m

**Aistir Custaiméirí le hIarnród Éireann**
**2016 42.8m**
2015 39.7m

**Aistir Custaiméirí le Bus Éireann (gan Iompar Scoile san áireamh)**
**2016 39.7m**
2015 37.9m

**Líon na nAistear Custaiméirí – Bus Átha Cliath**
**2016 128.2m**
2015 122.4m

**Líon na nAistear Custaiméirí – Iompar Scoile**
**2016 40.5m**
2015 41.0m



Is mian le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt don chistiú a rinne Rialtas na hÉireann ar mhórthionscadail faoi choimirce an Aontais Eorpaigh, agus don chistiú faoi chuimsiú chreat Meántéarmach an Státchiste um Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016.

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Is iad cuspóirí Ghrúpa CIÉ ('an Grúpa') seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar atá iontaofa, sábháilte agus inrochtana, ar shlí chomh héifeachtach agus is féidir, agus muid ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí.**

Ag díriú ar na cuspóirí sin dúinn, is féidir leis an nGrúpa a sprioc a chomhlíonadh maidir le tacú leis an mborradh atá faoi gheilleagar na hÉireann, agus leis an gcomhtháthú sóisialta, trí sheirbhísí iompair phoiblí ardchaighdeáin a chur ar fáil. I leith a chúraimí go léir, bíonn an Grúpa ag obair i gcomhar lena scairshealbhóir, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus leis an rialtóir, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Trína fhochuideachtaí, feidhmíonn an Grúpa an gréasán iompair phoiblí is cuimsithí sa Stát. Dá réir sin, ag obair dó leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, is aige féin amháin atá an cumas chun bainistíocht a dhéanamh ar réitigh iompair phoiblí ar fud na hÉireann atá ar ardchaighdeán agus atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Tá tús curtha ag an Údarás Náisiúnta Iompair le próisis tairisceana iomaíche do chonarthaí i leith thart ar 10% de na seirbhísí bus atá á gcur ar fáil faoi láthair ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann. Tá sé ar chumas an dá chuideachta sin riachtanais na gconarthaí sin a chomhlíonadh. Léirítear sna cáipéisí tairisceana a chuir siad isteach go bhfuil ar ár gcumas seirbhísí iontaofa ardchaighdeáin a sholáthar ar chostas réasúnta. Mar sin féin, mura n-éireoidh le ceachtar tairiscint beidh dúshlán le sárú againn maidir le coigeartú a dhéanamh ar ár mbonn costais chun freagairt don leibhéal laghdaithe gníomhaíochta. Fágann an dúshlán sin gur tábhachtaí ná riamh é a chinntiú go mbeidh na costais fós iomaíoch ar bhonn leanúnach ar fud an Ghrúpa.

Tá áthas ar an nGrúpa an Tuarascáil Bhliantúil dá chuid i leith na bliana 2016 a chur i láthair, ina léirítear go bhfuil méadú 10.2 milliún (2.8%) tagtha ar líon na n-aistear custaiméirí ar fud a sheirbhísí go léir go dtí 251.2 milliún, as a n-eascraíonn méadú €29 milliún (3.8%) ar ioncam an Ghrúpa ó tháillí.

### Bus Átha Cliath

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn. Is cuid thábhachtach é de ghréasán iompair Bhaile Átha Cliath, agus baineann tábhacht lárnach le héifeachtacht a chuid oibríochtaí do gheilleagar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

In 2016, chuir Bus Átha Cliath leis na seirbhísí a bhí á dtairiscint aige go dtí an pointe ag ar iompar sé 128.2 milliún paisinéir. Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, chuir Bus Átha Cliath 110 bus nua ar an mbóthar; bhunaigh sé trí bhealach nua a fhreastalaíonn ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; agus bhí ról lárnach aige maidir le tacú le himeachtaí cuimhneacháin 1916 i mBaile Átha Cliath – d'iompar sé breis is 1.5 milliún paisinéir a thug cuairt ar lár Bhaile Átha Cliath chun taitneamh a bhaint as na céadta imeachtaí ar fud na príomhchathrach. Is é an dúshlán atá fúinn anois leanúint ar aghaidh ag freastal ar an méadú ar éileamh ar bhealach éifeachtúil.

### Bus Éireann

In ainneoin toradh airgeadais a chuir an-díomá orainn, lean Bus Éireann ar aghaidh ag cur béim mhór ar ghréasán sábháilte, éifeachtach seirbhísí a sholáthar dá chustaiméirí ar fad. Bhain 1.3 milliún paisinéir breise leas as seirbhísí Bhus Éireann, rud a d'fhág gurbh é 80.2 milliún duine líon foriomlán na bpaisinéirí don bhliain.

Tá tionscnaimh aitheanta ag Bus Éireann chun feabhas a chur ar a bhonn costais trí thograí lena gcuimsítear athruithe ar na cleachtais oibre, cuíchóiriú an lucht oibre, roinnt bealaí tráchtála a dhúnadh agus gearradh siar ar an gcaiteachas lánroghnach foriomlán. Tá an fhoireann ag comhoibriú leis na tograí sin a bhuí le cúnamh ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ón gCúirt Oibreachais.

Tá sé i gceist ag an lucht bainistíochta na bearta laghdaithe costais sin a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2017 agus tá siad dóchasach go bhfágfaidh sé sin go mbeidh Bus Éireann sa riocht is go mbeidh sé in ann an drochthoradh airgeadais le déanaí a chasadh timpeall agus bunús a thabhairt le haghaidh gnó a bheidh inmharthana agus inbhuanaithe don fhadtéarma.

### Iarnród Éireann

Le linn 2016 chuir Iarnród Éireann 7.8% lena chuid aistear paisinéirí ar an tseirbhís Intercity agus na seirbhísí Comaitéara (lena n-áirítear DART), agus d'iompar sé 42.8 milliún duine ar na traenacha.

Díríonn Iarnród Éireann go tréan ar chloí leis na caighdeáin is airde ó thaobh sábháilteacht iarnróid. Is cinnte gur cuí don Chuideachta a bheith bródúil as a feidhmíocht i dtaobh na sábháilteachta le linn na bliana.

Gné riachtanach de chloí leis an bhfeidhmíocht sábháilteachta sin is ea a chinntiú go bhfuil cistiú leordhóthanach a dhéanamh ar an tSeirbhís Iarnróid agus go bhfuil an cistiú sin inbhuanaithe.

Tá an Grúpa ag súil leis an toradh ó chomhairliúchán poiblí an Údaráis Náisiúnta Iompair ag eascairt as an Athbhreithniú Iarnróid; agus is cúis áthais dó go háirithe fáilte a chur roimh an gcistiú méadaithe a gheall an rialtas i mBuiséad 2017. Cuirfidh sé sin ar a chumas d'Iarnród Éireann dul i ngleic le riachtanais phráinneacha maidir le cothabháil an fhlít agus an bhonneagair, agus cláir shuntasacha i dtaobh infheistíocht sa tsábháilteacht a bhunú i dtaca le hUathchosaint Traenacha agus na raidiónna sna traenacha a uasghrádú.

## CIÉ Tours

D'éirigh níos fearr ná riamh le CIÉ Tours in 2016, agus d'iompair sé beagnach 45,000 turasóir go hÉirinn agus go dtí an Bhreatain Mhór ó na Stáit Aontaithe agus áiteanna níos faide i gcéin. Bhí rochtain aeir fheabhsaithe agus dearcadh dearfach ar Éirinn mar cheann scríbe taistil i measc na gcúiseanna go raibh 2016 ar cheann de na blianta is fearr fós ó thaobh turasóireacht isteach.

Tá ag éirí le CIÉ Tours dul i ngleic leis na dúshláin sa tionscal, lena n-áirítear ganntanas lóistín i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus tá sé ag ullmhú faoi choinne aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar an tsaorghluaiseacht daoine idir Éire, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór.

## Maoin de chuid CIÉ

I rith na bliana, bhí CIÉ ag obair go gníomhach leis an tionscnamh 'Éire a Atógáil' chun féachaint cé na maoine dá chuid a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach agus tarraingteach i gcomhair tithíocht bhreise.

De réir mar a thiocfaidh méadú ar an ngníomhaíocht forbraíochta, leanfaidh CIÉ ar aghaidh ag fáil luach fadtéarmach ó thráchtálú a dhéanamh ar a phunann mhaoine, ar leis an Stát í sa deireadh thiar.

Déantar gach ioncam ó mhaoin a leithdháileadh go hiomlán do na Cuideachtaí Oibríocha, rud a laghdaíonn an costas iomlán atá ar an Stát i dtaobh Seirbhísí Iompair Phoiblí a sholáthar.

## Scéimeanna Pinsin

Riarann an Grúpa na Scéimeanna Pinsin do gach fostaí de chuid na bhfochuideachtaí.

In ainneoin torthaí infheistíochta a bheith láidir i rith na bliana, tháinig méadú ar an easnamh pinsean go dtí €730 milliún, toisc gur tháinig méadú mór ar chostas todhchaí na sochar is iníoctha ag na Scéimeanna. Is iad na dámhachtainí pá is mó is cúis le costas breise an tsoláthair pinsean, mar aon leis na rátaí úis an-íseal atá i réim.

Glactar leis nach bhfuil ar chumas an Ghrúpa ná bhaill ghníomhacha na Scéimeanna fáil réidh leis an easnamh mór sin trí ranníocaíochtaí méadaithe. Dá bhrí sin, ní mór comhaontú a dhéanamh i dtaobh na hathruithe is gá a dhéanamh d'fhonn fáil réidh leis an easnamh sna Scéimeanna agus, ar an gcaoi sin, fáil réidh leis an riosca atá ag bagairt ar na sochair phinsin sa todhchaí dár bhfoireann.

Ina theannta sin, níl Scéimeanna Pinsin an Ghrúpa ag feidhmiú a thuilleadh de réir na n-ionchas a leagadh síos sa Phlean Cistiúcháin a comhaontaíodh leis an Údarás Pinsean in 2013. Fágann sé sin nach mór plean athbhreithnithe a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis le linn 2017.

Cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn in 2016 maidir le tograí a cheapadh chun fáil réidh leis an riosca a bhaineann leis na Scéimeanna, is mall a bhí sé. Is é an dúshlán atá romhainn i mbliana tréaniarracht mhór a dhéanamh comhaontú a dhéanamh i dtaobh athraithe. Is é an aidhm atá ann an riosca i leith na Scéimeanna a laghdú agus iad a bheith sócmhainneach arís faoi 2023 – an tréimhse ama a chinn an tÚdarás Pinsean.

## Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Shane Ross, agus leis an té a bhí ina Aire roimhe, an tUasal Paschal Donohoe, agus lena gcuid oifigeach sa Roinn. Tugaimid aitheantas dá dtacaíocht don Ghrúpa i rith na bliana agus is mór againn an tacaíocht sin.

Bíonn an Grúpa ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Tríd an rannpháirtíocht chomhoibríoch, is féidir linn a bheith ag obair leis an Scairshealbhóir agus leis an Údarás chun réitigh a chur i bhfeidhm a thugann fíorluach do na custaiméirí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chúnamh a thug oifigigh ón dá eagraíocht sin dúinn sa phróiseas comhoibríoch gníomhach sin atá ar bun.

Tá sé d'ádh ar CIÉ a bheith in ann tairbhe a bhaint as an gcion a dhéanann a chuid Comhaltaí Boird, a chuireann saineolas agus taithí luachmhar ar fáil chun cabhrú le rialú na heagraíochta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Boird as a gcuid seirbhíse i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil freisin le Comhaltaí Boird agus le Stiúrthóirí na bhfochuideachtaí go léir as cúnamh a thabhairt dá bhfochuideachtaí féin agus do CIÉ agus tacú leo. Is mór agam go dtugann siad a gcuid ama chun fónamh mar chomhaltaí Boird agus ar na coistí agus na grúpaí comhairleacha ríthábhachtacha éagsúla laistigh den Ghrúpa.

**Vivienne Jupp**
*Cathaoirleach*




# Athbhreithniú Airgeadais 2016

**Mar gheall ar an méadú ar an ioncam ó chustaiméirí agus ar an gcistiú ón Stát, bhí Grúpa CIÉ ('an Grúpa') in ann íoc as tuilleadh oibre athnuachana riachtanaí a dhéanamh ar a bhonneagar agus a chuid seirbhísí a leathnú.**

## TRÚCDA

Léiríonn torthaí oibriúcháin an Ghrúpa i leith na bliana 2016 tuilleamh €58 milliún roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (TRÚCDA) agus roimh chostais eisceachtúla agus brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta. Sin méadú €10 milliún i gcomparáid le 2015.

### Ioncam agus TRÚCDA

| | 2016 €m | 2015 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí | 794 | 765 | 29 |
| Ioncam ó na turais | 99 | 81 | 18 |
| *Ioncam eile* | | | |
| Ioncam ó na conarthaí OSP | 212 | 190 | 22 |
| Deontais eile ioncaim agus deontais ón Státchiste | 113 | 117 | (4) |
| **Ioncam iomlán** | **1,218** | **1,153** | **65** |
| Párolla roimh choigeartú pinsin | (580) | (557) | (23) |
| Ábhair agus seirbhísí | (584) | (540) | (44) |
| **TRÚCDA roimh choigeartú pinsin** | **54** | **56** | **(2)** |
| Coigeartú pinsin | 4 | (8) | 12 |
| **TRÚCDA** | **58** | **48** | **10** |

Is iad na príomhchúiseanna leis an méadú ar an TRÚCDA:

(i) Méadú 4% ar ioncam ó tháillí a eascraíonn go hiomlán ón méadú ar líon na n-aistear custaiméirí. Cé gur ceadaíodh arduithe beaga ar na táillí i gcomhair na bliana 2016, baineadh níos mó úsáide as an ticéad LEAP, ar fearr a luach, agus athraíodh na criosanna taistil, rud a laghdaigh an t-ioncam agus a rinne cúiteamh agus sárú ar an ardú beag sin ar na táillí.

(ii) D'éirigh go geal le CIÉ Tours i rith na bliana: tháinig méadú ar líon na gcustaiméirí agus díríodh ar chorrlaigh a fheabhsú. Cuidíonn neart an dollair leis an toradh freisin, agus é á aistriú ina euro.

(iii) Le tacaíocht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Údarás Náisiúnta Iompair, rinne an Grúpa infheistíocht ní ba mhó chun an bonneagar a uasghrádú agus na seirbhísí a leathnú.

(iv) Tháinig méadú €23 milliún ar chostais an phárolla; is é an t-ardú gníomhaíochta is cúis le 72% den mhéadú sin agus tá an chuid eile inchurtha i leith na dámhachtana pá i mBus Átha Cliath agus athbhunú na seanrátaí pá in Iarnród Éireann i rith na bliana nuair a tháinig deireadh leis an tréimhse 25 mí inar íocadh pá laghdaithe.

(v) Tá gaol idir an t-ardú costais maidir le hÁbhar agus Seirbhísí agus méid na seirbhísí den chuid is mó, agus tá an t-ardú sin bunaithe go príomha ar an infheistíocht bhreise i gcothabháil bonneagair in Iarnród Éireann, ar thionchar an aistrithe airgeadra ar chostais a bhí ainmnithe i ndollar na Stát Aontaithe agus ar an méadú ar an gcostas a bhaineann le conraitheoirí na Seirbhíse Iompair Scoile chun tuilleadh seirbhísí a chur ar fáil le cead ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

(vi) Ba é an coigeartú cuntasaíochta pinsin neamhairgid ba chúis le €12 mhilliún den fheabhas ar an TRÚCDA. Fágann luaineacht an choigeartaithe sin go bhfuil riosca nach beag i gceist i leith chobhsaíocht an tuillimh agus léiríonn sí an tábhacht a bhaineann le hathruithe a chur i bhfeidhm maidir le pinsin, ar bhonn comhaontaithe, a laghdóidh an luaineacht sin agus a chuideoidh íocaíochtaí pinsin amach anseo a chinntiú do na fostaithe.

## Ioncam


**Chuir an Grúpa 3.8% lena ioncam ó tháillí, ar bhonn méadú 4.2% ar líon na n-aistear a rinne paisinéirí in 2016. Leagann sé sin béim ar an tábhacht mhór a bhaineann leis an ról a bhíonn ag an iompar poiblí i dtaobh tacú leis an bhfás geilleagrach i gcoitinne.**

### Tháinig méadú 5.6% ar an ioncam foriomlán

Ba é €1,218 milliún ioncam iomlán an Ghrúpa in 2016 agus is féidir miondealú a dhéanamh air sin de réir cuideachta agus gníomhaíocht ghnó mar seo a leanas:

### Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála

Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála €m





Bhain an Grúpa amach méadú ioncaim ina chuid gnólachtaí uile i rith na bliana. Bhí an méadú ioncaim bunaithe den chuid ba mhó ar an méadú 10 milliún ar líon na n-aistear a rinne paisinéirí; ba bheag iad na harduithe táillí a ceadaíodh agus rinneadh iad a chúiteamh, agus a shárú, le hathruithe ar chriosanna na dticéad iarnróid agus le méadú eile ar líon na ndaoine a d'úsáid ticéid LEAP ar chostas ní b'ísle. Tháinig méadú €29 milliún ar an ioncam ó tháillí, sin méadú bliain ar bhliain 3.8%.

Tá CIÉ Tours ar cheann de hoibreoirí is mó sa tír a thugann cuairteoirí isteach go hÉirinn. In 2016, tháinig feidhmíocht airgeadais CIÉ Tours ar ais chuici féin agus baineadh amach ardleibhéil na bliana 2014 arís. Thaistil 44,873 cuairteoir go hÉirinn agus go dtí na Breataine Móire le CIÉ Tours i rith na bliana, sin méadú 3.8% i gcomparáid le 2015. Is de bharr ioncam ní ba mhó i ndollair a bheith á aistriú ina euro a tharla an chuid eile den mhéadú.

### Ioncam ó na Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP')

Tháinig méadú ar an ioncam ón na conarthaí OSP i gcás gach cuideachta oibríoch in 2016.

Ioncam ó na Conarthaí OSP €m




Chuidigh an méadú ar an gcistiú OSP le seirbhísí breise a sholáthar ar fud na gcuideachtaí oibríocha go léir.

**Cistiú eile ón Stát ar chaiteachas reatha**

Baineann an Cistiú Eile ón Stát den chuid is mó le cistiú a tugadh d'Iarnród Éireann i ndáil le costais chothabhála an bhonneagair iarnróid. Tá Conradh Ilbhliantúil á fheidhmiú ag Iarnród Éireann, arna riar ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus faoi mhonatóireacht an Údaráis Náisiúnta Iompair, faoina ndéantar cistiú ar an gcaiteachas ar chothabháil agus athnuachan an bhonneagair iarnróid. Lena chois sin, thug an Státchiste cistiú €8m chun damáiste de bharr stoirmeacha a dheisiú.

## Costais Oibriúcháin

**Dúshlán leanúnach atá roimh an nGrúpa is ea an infheistíocht chuí a dhéanamh i gcothabháil an fhlít agus an bhonneagair le féachaint chuige go mbeidh an gréasán iompair éifeachtach san fhadtréimhse agus cobhsaíocht airgeadais á chinntiú aige an tráth céanna.**

Ba de bharr leathnú na seirbhísí agus tuilleadh infheistíochta i dtaca le cothabháil an bhonneagair, den chuid ba mhó, a tháinig an t-ardú 6.1% ar na costais oibriúcháin in 2016.

Tháinig méadú €67 milliún ar chostais oibriúcháin an Ghrúpa roimh mhíreanna eisceachtúla; eascraíonn 90% den mhéadú sin ón bhfás ar sheirbhísí mar aon le gníomhaíocht bhreise i ndáil le cothabháil an bhonneagair. Tá na nithe a rinne an difríocht ba mhó don ghluaiseacht €67 milliún sonraithe thíos:

| | €m | €m |
|---|---|---|
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin 2015** | | **1,097** |
| Gníomhaíocht bhreise i dtaobh cothabhála | 18 | |
| Leathnú seirbhísí | 13 | |
| Aistriú airgeadra | 13 | |
| Líon breise daoine/ragobair | 16 | |
| Arduithe pá – aisiompú ar an ísliú pá agus arduithe pá | 7 | |
| **Gluaiseacht iomlán** | | **67** |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin 2016** | | **1,164** |

## Barrachas don Bhliain

**Rinne an Grúpa glanbharrachas €28 milliún in 2016 de bharr feidhmíocht láidir i leith tuilleamh oibríochta, brabús ar dhíol maoine agus gnóthachan eisceachtúil aonuaire.**

Thuairiscigh an Grúpa glanbharrachas €28 milliún in 2016, tar éis dó gnóthachan eisceachtúil €27 milliún a aithint. Bhí sé sin i gcomparáid le glaneasnamh €26 milliún in 2015, is é sin €54 milliún breise.

Luaitear an barrachas don bhliain tar éis na míreanna neamhoibriúcháin seo a leanas a mhuirearú/a chur de shochar na gcuntas.

| | 2016 €m | 2015 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| **TRÚCDA** | **58** | **48** | **10** |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | 8 | 2 | 6 |
| Ioncam/(costais) eisceachtúil | 23 | (3) | 26 |
| Dímheas, glan ar dheontais chaipitil amúchta | (50) | (56) | 6 |
| Glanchostas airgeadais (gan na pinsin san áireamh) | (3) | (3) | 0 |
| Costas airgeadais na bpinsean | (7) | (14) | 7 |
| **Iomlán an ioncaim/(na gcostas) neamhoibriúcháin** | **(29)** | **(74)** | **45** |
| | | | |
| **Barrachas/(easnamh) roimh cháin** | **29** | **(26)** | **55** |
| Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí | (1) | 0 | (1) |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | **28** | **(26)** | **54** |

Tháinig laghdú €45 milliún ar iomlán na gcostas neamhoibriúcháin in 2016.

I rith 2016, de réir mar a tháinig feabhas ar dhálaí an mhargaidh, d'éirigh leis an nGrúpa barrachas €8 milliún a dhéanamh trí mhaoine neamhoibríochtúla a dhiúscairt.

Baineann ioncam eisceachtúil na bliana 2016 le laghdú siarghabhálach ar an dliteanas CBL a bhaineann le hoibríochtaí leanúnacha. D'eascair sochar aonuaire €27 milliún as an athrú ar na rialacha CBL arna chúiteamh ag costais €4 mhilliún i ndáil le hathstruchtúrú.

Tá an dímheas, glan ar dheontais chaipitil amúchta, fós ag laghdú de réir mar a chuireann an cistiú breise atá á íoc ón Státchiste ó 2014 i leith ar chothabháil throm an rothstoic leis an sochar amúchta.

## Gnóthas Leantach

Dá bhrí sin, in ainneoin gur lean an feabhas ar an bhfeidhmíocht trádála in 2016, tá an Grúpa fós ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach ghnó. Tá muinín ag an lucht bainistíochta go gcoinneofar leis na leibhéil fhoriomlána airgeadais, lena n-áirítear iad siúd atá de dhíth ionas go gcomhlíonfaidh an Grúpa a chuid cúnant airgeadais, sa bhliain atá romhainn. Sonraítear i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais an breithniú ar na hábhair neamhchinnteachta is tábhachtaí agus na maoluithe ina dtaobh, agus cinntear ann gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

## Saoráidí Baincéireachta

**Bainistíonn an Grúpa a chuid riachtanas i dtaobh ciste trí shaoráidí baincéireachta tiomanta.**

I mí Iúil 2013 chuir an Grúpa i gcrích an chaibidlíocht lena bhainc i ndáil le hathmhaoiniú a dhéanamh ar na saoráidí baincéireachta atá ar fáil don Ghrúpa agus iad a mhéadú. Gnóthaíodh saoráidí saintiomanta €160 milliún go dtí mí Iúil 2018; aisíocadh €39 milliún den mhéid sin ina dhiaidh sin, agus níl sé ar fáil le tarraingt air arís faoi shaoráid iasachta téarmaí an Ghrúpa. Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí €41 milliún tarraingthe anuas ag an nGrúpa faoi na saoráidí iasachta téarmaí. Ba é €80 milliún an méid neamhtharraingthe a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Tá na saoráidí sin bunaithe ar ghnáthshocruithe tráchtála lena gceanglaítear go gcloífidh an Grúpa le roinnt cúnant caighdeánach airgeadais – go háirithe gan an ceangaltas a shárú i ndáil le coibhneas an Ghlanfhéich le TRÚCDA thar shaol na saoráide.

Tá tús curtha ag an nGrúpa leis an bpróiseas faoina ndéanfar a chuid saoráidí baincéireachta a athnuachan i rith na bliana seo.

## Baol i dtaobh Ardú Costais

**Tá ardú costais ina dhúshlán nach beag i dtaobh cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun agus cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais infheistíochta an ghréasáin iompair agus cumas giniúna ioncaim agus cistiú.**

Is lú é leibhéal na hinfheistíochta sa bhonneagar iompair phoiblí ná an t-íosmhéid atá ag teastáil chun an bonneagar a choimeád seasta. Tá easnamh infheistíochta i gceist dá bharr sin. Ní mór don Ghrúpa, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, a chion féin a dhéanamh chun an t-easnamh sin a laghdú trína bhonn costais a bhainistiú go héifeachtach.

Ba dhúshlán nach beag don Ghrúpa in 2016 é costais phá a bhainistiú i ngeilleagar a bhfuil borradh faoi. I rith na bliana, tharla na cora suntasacha seo a leanas:

- Comhaontaíodh athbhunú na seanrátaí pá in Iarnród Éireann toisc deireadh a bheith tagtha leis an tréimhse 25 mí ar comhaontaíodh in 2014 an pá a laghdú lena linn.
- Comhaontaíodh ardú pá ginearálta i mBus Átha Cliath.

Is cúis mhór imní go fóill é iomaíochas costais agus éifeachtúlacht an Ghrúpa. Cé go bhfuil líon na n-aistear custaiméirí fós ag méadú, tá sé fós 11% faoi bhun leibhéil na bliana 2008. Le linn 2017 leanfar ar aghaidh le comórtais tairisceana le haghaidh seirbhísí OSP i mBaile Átha Cliath, i bPort Láirge agus i gCill Dara/Baile Átha Cliath. Tástálfaidh na próisis tairisceana sin iomaíochas an bhoinn costais.

## Cistiú Iomlán ón Stát


**Níl an cistiú iomlán ón Stát don iompar poiblí ag coinneáil suas leis an méadú ar líon na n-aistear custaiméirí.**

Is gá cistiú a dhéanamh ar iompar poiblí atá iontaofa, éifeachtúil. Le linn 2016 b'fhiú €431 milliún san iomlán an cistiú ón Stát do na conarthaí OSP agus don infheistíocht chaipitiúil, laghdú ó €451 milliún in 2015. Cuimsíodh ansin méadú €22 milliún ar an gcistiú OSP ach rinneadh é a chúiteamh le laghdú €43 milliún ar chaipiteal agus ar chistiú eile, cothabháil mar shampla. Léirítear i nGraf 1 an treocht sa chistiú iomlán ón Stát agus sa chistiú OSP le blianta beaga anuas.

Mar a léirítear i nGraf 2, níl an infheistíocht iomlán san iompar poiblí ag coinneáil suas leis an méadú ar líon na n-aistear custaiméirí. Tharla an laghdú ar an gcistiú, i ndearbhthéarmaí agus i gcoibhneas leis an éileamh (aistir custaiméirí), san infheistíocht chaipitiúil agus san ioncam ó chonarthaí OSP i ndáil le seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe i leith a ngné shóisialta ach nach bhfuil inmharthana ar bhonn geilleagrach.


Léirítear i nGraf 2 fianaise láidir ar an méadú ar líon na n-aistear paisinéirí agus aithnítear ann an dúshlán a bhaineann lena chinntiú go mbeidh fáil ar chistiú cuí chun tacú le soláthar seirbhísí cuimsitheacha iompair phoiblí ar mhaithe le freastal ar an éileamh méadaithe.

### Graf 1




| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN | 922 | 754 | 718 | 652 | 448 | 408 | 500 | 451 | 431 |
| CAPITEAL & EILE | 613 | 451 | 442 | 277 | 170 | 182 | 288 | 262 | 219 |
| OSP | 309 | 303 | 276 | 265 | 278 | 226 | 212 | 190 | 212 |

### Graf 2




| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CISTIÚ | 922 | 754 | 718 | 652 | 448 | 408 | 500 | 451 | 431 |
| AISTIR | 282 | 252 | 237 | 233 | 229 | 228 | 235 | 241 | 251 |






## Caiteachas Caipitiúil

**Tá treocht anuas go mór le sonrú san infheistíocht i sócmhainní an chórais iompair phoiblí arna mbainistiú ag an nGrúpa ó 2008 i leith.**

Tá an Grúpa ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun na deiseanna is fearr a aithint i dtaobh infheistíocht chaipitiúil sa ghréasán iompair phoiblí. Baineann an-tábhacht leis an infheistíocht chaipitiúil chomh fada is a bhaineann sé le feabhas a chur ar shábháilteacht an ghréasáin agus ar chompord ár gcustaiméirí. Tá sí ina bunchloch freisin maidir le costais oibriúcháin a laghdú a thuilleadh.

In 2016 rinne an Grúpa infheistíocht arbh fhiú €181 milliún í i sócmhainní seasta; méadú beag a bhí i gceist ansin. Mar sin féin, tá treocht anuas go mór le sonrú san infheistíocht i sócmhainní an chórais iompair phoiblí arna mbainistiú ag an nGrúpa ó 2008 i leith. Tharla sé sin den chuid is mó de bharr srianta airgeadais ar an Státchiste, agus fágann sé go bhfuil an infheistíocht in iompar poiblí in Éirinn cuid mhór faoi bhun an mheáin san Aontas Eorpach.

**Infheistíocht Chaipitiúil agus Cistiú 2008-16**




| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| INFHEISTÍOCHT | 726 | 454 | 411 | 316 | 195 | 208 | 190 | 173 | 181 |
| CISTIÚ | 596 | 431 | 392 | 253 | 163 | 167 | 217 | 144 | 106 |

## Ioncam ó na Conarthaí OSP 2008-2016

**Ní bhfuarthas toradh réasúnta ar chonarthaí OSP an Ghrúpa i rith na bliana. Ní mór don Ghrúpa toradh réasúnta a bhaint amach ar ghníomhaíocht OSP ionas go mbeidh sé inbhuanaithe ó thaobh airgeadais.**

Oibríonn Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann ('Cuideachtaí Oibríocha') seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe i leith a ngné shóisialta ach nach bhfuil inmharthana ar bhonn geilleagrach faoi chonarthaí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair.

Bíonn Cuideachtaí Oibríocha an Ghrúpa ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun na seirbhísí iompair phoiblí is fearr is féidir a chur ar fáil ar fud na trí chuideachta, ó thaobh minicíochta agus cáilíochta de. Ní bhfuarthas toradh réasúnta ar chonarthaí OSP an Ghrúpa i rith na bliana, áfach. Is féidir anailís a dhéanamh ar an gcaillteanas carnach ar chonarthaí OSP ó 2008 i leith mar seo a leanas:

| | Aistir Paisinéirí OSP m | Ioncam ó Sheirbhísí Poiblí €m | Costas na Seirbhísí Poiblí €m | Ioncam ó Chonarthaí OSP €m | Brabús/ (Caillteanas) ar Chonarthaí OSP €m |
|---|---|---|---|---|---|
| 2008 | 227.7 | 469 | (817) | 309 | (39) |
| 2009 | 200.8 | 441 | (771) | 303 | (27) |
| 2010 | 186.4 | 402 | (721) | 276 | (43) |
| 2011 | 182.9 | 389 | (700) | 265 | (46) |
| 2012 | 180.6 | 406 | (724) | 278 | (40) |
| 2013 | 179.7 | 440 | (682) | 226 | (16) |
| 2014 | 186.1 | 465 | (669) | 212 | 8 |
| 2015 | 192.3 | 489 | (683) | 190 | (5) |
| 2016 | 203.1 | 513 | (728) | 212 | (3) |
| **Caillteanas Carnach ar Chonarthaí OSP** | | | | | **(211)** |

Féadfar anailís a dhéanamh ar chaillteanas na bliana 2016 ar chonarthaí OSP agus an toradh ar ioncam, de réir cuideachta oibríoch, mar seo a leanas:

| | Aistir Paisinéirí OSP m | Ioncam ó Sheirbhísí Poiblí €m | Costas na Seirbhísí Poiblí €m | Ioncam ó Chonarthaí OSP €m | Brabús/ (Caillteanas) ar Chonarthaí OSP €m | Toradh ar Ioncam |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bus Átha Cliath | 128 | 221 | (277) | 60 | 3 | 1.1% |
| Bus Éireann | 32 | 86 | (128) | 42 | (0) | (0.3%) |
| Iarnród Éireann | 43 | 206 | (323) | 110 | (6) | (1.8%) |
| | **203** | **513** | **(728)** | **212** | **(3)** | **(0.4%)** |

D'éirigh le Bus Átha Cliath toradh beag a dhéanamh ar a chonradh OSP ach ní raibh sa ráta fáltais ar a ioncam ach 1.1%.

Thabhaigh Bus Éireann caillteanas €0.4 milliún ar an gconradh OSP dá chuid.

Áirítear leis an gcaillteanas a rinne Iarnród Éireann an glantoradh ar ghníomhaíocht Bainistíochta Bonneagair. Áirítear leis an ngníomhaíocht sin méadú eile ar chaiteachas neamhchistithe ar chothabháil.

Lean an Grúpa ar aghaidh ag seasamh na gcaillteanas sin agus feabhas á chur aige ar líon, cáilíocht agus minicíocht na seirbhísí iompair phoiblí a sholáthraíonn sé. Ba cheart toradh réasúnta a bheith le déanamh ar na conarthaí OSP ionas gur féidir seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar agus bonn caipitil an Ghrúpa a chur ar ais ar leibhéal cuí.

## Forbairtí Airgeadais Suntasacha Eile

**Chuaigh an t-easnamh sa ghlanchiste pinsean ag deireadh na bliana cuid mhór chun donachta in 2016.**

Tá scéimeanna pinsean le sochar sainithe á bhfeidhmiú ag an nGrúpa, atá á gcistiú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Tá na sochair scoir atá á soláthar faoi na scéimeanna sin á gcistiú ag sócmhainní suntasacha atá infheistithe i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.

Glactar leis go bunúsach anois i modh ríofa an chostais bhliantúil a bhaineann le sochair scoir go bhfuil na torthaí sa todhchaí ó shócmhainní agus dliteanais an chiste pinsean ailínithe ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha. Tá an-tionchar ag torthaí an mhargaidh airgeadais ar chostas foriomlán na sochar sainithe. Riosca nach beag is ea an neamhchosaint ar luaineacht chostais ar an gcaoi sin, agus tá an Grúpa ag féachaint leis an riosca sin a mhaolú trí thograí a chur i láthair le comhaontú leis na páirtithe leasmhara go léir.

Chuaigh an t-easnamh sa ghlanchiste pinsean ag deireadh na bliana cuid mhór chun donachta in 2016. Chuaigh an t-easnamh in olcas ar dhá chúis: (i) an ráta lascaine agus (ii) toimhdí maidir le pá amach anseo. Ar an gcéad dul síos, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta, d'fhág an t-athrú ar an ráta lascaine a úsáidtear chun luach cumaisc an dliteanais pinsean a ríomh gur cuireadh €420 milliún le luach an dliteanais. Ar an dara dul síos, mar gheall ar an tsocraíocht phá a rinneadh le déanaí i mBus Átha Cliath, ba chuí athbhreithniú a dhéanamh ar an toimhde achtúireachta maidir le pá inphinsin sa todhchaí. Bhí na torthaí infheistíochta ní b'fhearr ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a rinne cúiteamh ar chuid de dhrochthionchar an athraithe ar an ráta lascaine agus na toimhdí maidir le pá inphinsin.

Léiríonn an méid a tharla le linn 2016 luaineacht na luachála pinsean agus na rioscaí móra a bhaineann leis na gealltanais pinsean atá déanta ag an nGrúpa. Léiríonn sé freisin gurb amhlaidh, in ainneoin torthaí infheistíochta láidir, gur mhéadaigh an t-easnamh go príomha mar gheall ar athruithe ar an meastachán ar an méid a chosnóidh na sochair atá le soláthar as na scéimeanna.

Chuir iontaobhaithe scéimeanna pinsean an Ghrúpa plean cistithe pinsean i bhfeidhm in 2013, a bhí ceadaithe ag an Údarás Pinsean, lena bhfuiltear ag súil fáil réidh leis an easnamh sna scéimeanna faoi 2023. Níl an Scéim Pá Rialta ná an Scéim Aoisliúntais ag feidhmiú de réir na bpleananna cistiúcháin sin a thuilleadh.

Le linn 2017, beidh ar an dá scéim sin tograí athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis Pinsean lena mbainfear amach sócmhainneacht sna scéimeanna faoi dheireadh 2023. Fágann sé sin go bhfuil sé ríthábhachtach, ar mhaithe le leasanna bhaill ghníomhacha an dá scéim, go nglacfar bearta, le cead ón Údarás Pinsean, chun tabhairt faoin easnamh sa scéim agus chun a chinntiú go mbeidh fáil ar na sochair is iníoctha as na Scéimeanna sa todhchaí.




# Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2016

## Custaiméirí

| Líon na nAistear Custaiméirí | 2016 m | 2015 m | Athrú m |
|---|---|---|---|
| Bus Átha Cliath | 128.2 | 122.4 | 5.8 |
| Bus Éireann | 39.7 | 37.9 | 1.8 |
| Iarnród Éireann | 42.8 | 39.7 | 3.1 |
| **Aistir custaiméirí, gan Iompar Scoile san áireamh** | **210.7** | **200.0** | **10.7** |
| Iompar Scoile | 40.5 | 41.0 | (0.5) |
| **Iomlán na nAistear Custaiméirí** | **251.2** | **241.0** | **10.2** |

**Tá an Grúpa fós ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte agus dírithe ar an gcustaiméir do líon custaiméirí atá ag dul i méid.**

Tháinig méadú 4.2% ar líon iomlán na n-aistear custaiméirí in 2016, ó 241 milliún aistear in 2015 go dtí 251.2 milliún aistear in 2016. Tá líon iomlán na n-aistear chomh hard arís anois is a bhí in 2009, ach tá cuid mhór le déanamh fós chun filleadh ar na buaicleibhéil a baineadh amach in 2008 nuair a chuir Grúpa CIÉ ('an Grúpa') 282.1 milliún aistear ar bun. Tá achoimre anseo ar an bhfás ar fud na gcuideachtaí oibríocha ar leith:

- Lean an méadú ar líon na n-aistear custaiméirí de chuid Bhus Átha Cliath in 2016 le méadú 4.7% ar líon na n-aistear.
- Bhí méadú maith le sonrú ar fud bhealaí seirbhíse poiblí Bhus Éireann ach tháinig laghdú ar líon na n-aistear paisinéirí ar na seirbhísí tráchtála.
- Rinne Iarnród Éireann tuilleadh dul chun cinn in 2016, agus tháinig méadú 7.8% ar líon na n-aistear custaiméirí dá chuid. Is é sin an ráta fáis is airde a baineadh amach i measc na gcuideachtaí oibríocha. Chuidigh an borradh faoi chúrsaí fostaíochta leis, mar aon le mórimeachtaí cosúil le Comóradh Éirí Amach 1916.

## Rannpháirtíocht leis na Custaiméirí agus Feabhas ar Cháilíocht Seirbhíse

Anseo thíos tá cuid de bhuaicphointí an tionscnaimh atá curtha i gcrích nó atá ar bun chun feabhas a chur ar sheirbhísí an Ghrúpa le linn 2016:

*Bus Átha Cliath:*

- Méadú eile ar úsáid an Chárta LEAP, a úsáidtear anois i gcás 73% de na haistir custaiméirí le Bus Átha Cliath, ardú ó 70% ag tús na bliana. Ach an Cárta LEAP a úsáid, féadfaidh custaiméirí leas a bhaint as táillí atá thart ar 20% níos ísle ná na táillí a íoctar ar an mbus féin.
- Bhí ról lárnach ag Bus Átha Cliath maidir lena chinntiú go n-éireodh go geal le himeachtaí cuimhneacháin Éirí Amach na Cásca, agus thug breis is 1.5 milliún duine cuairt ar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath chun sult a bhaint as imeachtaí ar fud na príomhchathrach. Thug Bus Átha Cliath isteach Turas nua 1916 – 'Beyond Barricades' – chun an bhliain chuimhneacháin a cheiliúradh.
- Cuireadh 110 bus nua le flít busanna Bhus Átha Cliath, a bhfuil a chuid busanna go léir lán-inrochtana.
- Cuireadh tús le trí bhealach bus nua atá ag freastal ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Tugadh isteach seirbhís nua chuig an Aerfort, seirbhís uimhir 757.
- Ghlac Bus Átha Cliath páirt i bpróiseas ilghníomhaireachta, faoi chathaoirleacht an Údaráis Iompair Náisiúnta agus i gcomhar leis an nGarda Síochána, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bonneagar Iompair Éireann agus príomhchonraitheoirí an tionscadail, ionas go gcuirfí isteach ar dhaoine a laghad ab fhéidir agus go mbeadh a laghad brú tráchta ab fhéidir i lár Chathair Bhaile Átha Cliath de bharr na n-oibreacha don Luas Traschathrach.
- Bhíothas ag díriú go leanúnach ar chumarsáid leis na custaiméirí trí leathnú a dhéanamh ar an gcóras Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí (ar chomharthaí ag stadanna bus, ar an suíomh gréasáin agus ar an aip mhóibíleach), 'Feachtas Luacha' lenar díríodh aird ar na buntáistí a bhaineann le huasteorainn a bheith ar na táillí ar an gCárta LEAP, an feachtas 'Cut to the Chase', lena gcuidítear le custaiméirí an t-eolas is déanaí a fháil faoina mbealach bus, agus, ar deireadh, cumarsáid dhíreach le custaiméirí a chothú trí Facebook, Twitter agus Instagram.

*Bus Éireann:*

- Méadú 5% ar líon na n-aistear custaiméirí ar bhonn borradh nach beag faoi sheirbhísí Cúige, Cathrach agus Cóiste a rinne cúiteamh ar laghdú beag ar líon na n-aistear custaiméirí ar sheirbhísí tráchtála Intercity.
- Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna breis is 400 Seirbhís Iompair Scoile nua agus chuir Bus Éireann ar bun iad.
- Gach lá scoile anois, tugann Bus Éireann níos mó ná 115,000 páiste chuig 3,000 scoil ar 6,500 bealach. Ina measc siúd tá breis is 11,000 páiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Tá 'Ceangal níos Fearr a Dhéanamh' ina phríomhstraitéis chustaiméirí ag Bus Éireann ó ceapadh é mar théama lárnach an chéad Chruinniú Mullaigh Foirne de chuid na Cuideachta in 2015. Is é an straitéis sin tionscnamh Bhus Éireann i dtaobh cumarsáid straitéiseach le custaiméirí, fostaithe agus páirtithe leasmhara.
- Cuireadh tús le feachtas nua in 2016 chun aird a dhíriú ar thábhacht na sábháilteachta nuair a bhíonn daoine ag dul suas ar bhusanna Bhus Éireann, ag tuirlingt díobh nó ag idirghníomhú ar bhealach ar bith leo. Baintear leas as gnéithe físe ardtionchair san fheachtas, mar aon le teachtaireachtaí sábháilteachta atá soiléir agus beacht.
- Rinneadh infheistíocht sa fhlít Expressway chun breis suíochán a dhíol agus chun tionscnaimh a bhí dírithe ar mhic léinn tríú leibhéal a chur ar bun, d'fhonn luach na seirbhíse a léiriú.
- In 2016, rinneamar níos mó ná 200 athrú ar an ngréasán i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leanamar ar aghaidh ag cur chun feidhme conradh dámhachtana dírí 5 bliana ar ár gcuid seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP')

*Iarnród Éireann:*

- San áireamh sa mhéadú 8% ar líon na n-aistear custaiméirí tá méadú 11% ar líon na bpaisinéirí DART.
- Sháraigh an fheidhmíocht agus an fheidhmíocht phoncúlachta na spriocanna agus ceanglais an Údaráis Náisiúnta Iompair.
- De bharr athruithe ar chriosanna taistil agus táillí, bhí laghdú iarbhír ar phraghsanna do chustaiméirí. Cé gur tháinig méadú 8% ar líon na n-aistear custaiméirí, d'fhág na hathruithe sin gur tháinig laghdú 5% ar an ioncam ón ardú táillí.
- Cuireadh tús le seirbhísí rialta comaitéara ag buaicuaireanta trí thollán Pháirc an Fhionnuisce i mí na Samhna 2016.
- Cuireadh traenacha athchóirithe an fhlít Enterprise idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath ar ais i mbun seirbhíse in 2016, rud a chuir feabhas nach beag ar shaoráidí do chustaiméirí agus ar a gcompord.



- Chuir Iarnród Éireann i gcrích an chéim is déanaí de Thionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach (Sráid na Teamhrach go Stáisiún Dhumhach Thrá). Nuair a bheidh an tionscadal sin críochnaithe, beidh leathnú ar acmhainn an ghréasáin cathrach toisc go mbeidh na traenacha in ann taisteal sa dá threo ag buaicuaireanta trí lár na cathrach.
- Beidh sé ina thoradh ar mhóroibreacha athcomharthaíochta i Luimneach agus ar oibreacha feabhsúcháin ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh go mbeidh feabhas ar an bhfeidhmíocht seirbhíse agus ar amanna taistil amach anseo. Fáiltíonn Iarnród Éireann roimh chinneadh an Rialtais cistiú breise a sholáthar tríd an gconradh ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair le haghaidh clár bliantúil faoina nglanfar ballasta ráillí, chun feabhas a chur ar amanna taistil ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.
- Bhíothas ag obair chun feasacht a spreagadh i dtaobh ceisteanna meabhairshláinte trí chomhpháirtíochtaí le Mí an Ribín Ghlais, Samáraigh Éireann agus Cycle against Suicide.
- Bhíothas fós ag díriú ar sheirbhísí sábháilte a sholáthar faoin mbunluach dár gcuid, 'Seasta Sábháilte'.
- Tá an DART Faoi Thalamh ar an tionscadal iompair aonair is tábhachtaí i dtaobh dul i ngleic le brú tráchta agus inbhuanaitheacht i ngréasán iompair na hÉireann. Tá Iarnród Éireann ag obair i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun bearta féideartha a aithint i dtaobh costas a spáráil a bhaineann leis an ngné DART Faoi Thalamh den chlár maidir leis an DART a Leathnú agus chun cur chuige a chomhaontú i dtaobh gnéithe eile an chláir a chur i gcrích. Áirítear leis an obair atá ar bun athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna maidir le tollánú, stáisiúin agus nascacht leis an ngréasán atá ann cheana.
- Rinneadh dul chun cinn i dtaobh na tosaíochta infheistíochta atá againn maidir le córas Uathchosanta Traenacha chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú na feidhmíochta sábháilteachta.
- D'éirigh go geal le Lastas Iarnród Éireann agus é ag baint triail as an traein lastais is faide riamh in 2016 – traein 54 TEU (aonad coibhéise fiche troigh) le hais na dtraenacha 36 TEU atá á rith faoi láthair – a cuireadh ó Bhaile Átha Cliath go Béal an Átha. Tá obair bhreise ar bun sa réimse sin agus tosófar ag úsáid traenacha lastais níos faide in 2017, rud a neartóidh iomaíochas tráchtála maidir le lasta iarnróid.
- Tháinig méadú 5% ar mhéideanna lasta iarnróid ó 96.4 milliún tonna go 101.4 milliún tonna, mar gheall ar níos mó mianmhianraí a bheith á n-iompar den chuid ba mhó.
- Ba é 2016 an tríú bliain den chonradh ilbhliantúil bainistíochta bonneagair – comhlíonadh gach ceanglas faoin gconradh i rith na bliana.

## Eintiteas CIÉ ('CIÉ')

Feidhmíonn CIÉ trí mhór-aonad gnó – an Líonra Fógraíochta Comaitéirí, CIÉ Tours agus Aonad Maoine an Ghrúpa agus soláthraíonn sé seirbhísí tacaíochta do Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann ('Cuideachtaí Oibríocha'). Déantar an t-ioncam a ghintear tríd an Líonra Fógraíochta Comaitéirí agus Aonad Maoine an Ghrúpa a leithdháileadh go hiomlán ar na Cuideachtaí Oibríocha chun an costas a bhaineann leis na seirbhísí OSP a laghdú.

### An Líonra Fógraíochta Comaitéirí

Choinnigh an Líonra Fógraíochta Comaitéirí leis an treocht dhearfach fáis a bhí le sonrú le blianta beaga anuas, agus bhí méadú 12% i gceist leis an ioncam €7.5m. Ba mhaith an fheidhmíocht é sin: tháinig méadú 7% ar an margadh fógraíochta 'As Baile' i bPoblacht na hÉireann agus méadú 4% i dTuaisceart Éireann sa tréimhse chéanna.

Bhí an fheidhmíocht láidir i dtaobh an Líonra Fógraíochta Comaitéirí bunaithe ar an mborradh faoin margadh i gcoitinne agus ar an uasghrádú a rinneadh ar shócmhainní fógraíochta an Líonra, go háirithe i ndáil le fógraíocht dhigiteach. Chomh maith le hioncam ón bhfógraíocht, bhain na Cuideachtaí Oibríocha leas as spásanna fógraíochta an Líonra ina lán dá gcuid feachtas margaíochta féin in 2016.

Tá an tionscal As Baile ag súil le méadú 4% ar an margadh in 2017 agus is maith an riocht ina bhfuil an Líonra chun leas a bhaint as an mborradh sin.

## CIÉ Tours

| | 2016 €m | 2016 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó na turais | 99 | 81 | 18 |
| Barrachas oibriúcháin | 5 | 1 | 4 |

Ba í 2016 an bhliain ab fhearr fós do CIÉ Tours. Ghin an t-aonad gnó ioncam €99 milliún ó 44,873 custaiméir. Tháinig méadú 4% ar líon na gcustaiméirí i gcomparáid le leibhéal na bliana 2015, ach, de bharr neartú nach beag ar luach dhollar na Stát Aontaithe, tháinig méadú 22% ar ioncam na Cuideachta i gcomparáid leis an mbliain 2015. Ba ó mhargadh Mheiriceá Thuaidh a tháinig thart ar 90% den ioncam.

I measc na bpríomhchúiseanna le 2016 a bheith ar cheann de na blianta is fearr don turasóireacht isteach go hÉirinn tá rochtain aeir níos fearr ar Éirinn ó mhargadh Mheiriceá Thuaidh, an dearcadh a bheith ann gur 'ceann scríbe sábháilte' í Éire agus an drochthionchar a bhí ag an víreas Zika ar chinn scríbe sna tíortha teo.

Ar an iomlán, rinneadh brabús oibriúcháin €5.2 milliún, méadú €4.4 milliún ar leibhéal na bliana 2015. Bhí an fheidhmíocht láidir i dtaobh corrlaigh bunaithe ar an bhfeabhas ar lódfhachtóirí na dturas agus ar neart dhollar na Stát Aontaithe i gcoinne an euro agus an phuint Steirling araon.

Tá an gnólacht fós ag cur leis na táirgí dá chuid atá dírithe ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, agus tá éileamh cuid mhaith níos mó ar thurais chóiste a théann chuig an Ríocht Aontaithe agus Éire araon le blianta beaga anuas. I measc na ndúshlán mór sa tionscal tá an acmhainn lóistín, go háirithe i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus na tionchair nach eol fós iad de bharr an Bhreatimeachta, i ndáil le saorghluaiseacht daoine idir Éire, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór. In ainneoin na ndúshlán sin, tá an chuma ar an scéal go n-éireoidh go geal leis an ngnólacht in 2017 agus tá an treocht roimh ré i dtaobh áiteanna á gcur in áireamh chun tosaigh ar leibhéil na bliana 2016.

### Aonad Maoine an Ghrúpa

B'ionann an t-ioncam cíosa agus €13.7 milliún in 2016, méadú ó €13.4 milliún in 2015. B'fhiú €8.3 milliún an t-ioncam comhlán ó dhiúscairtí maoine in 2016, agus tháinig a fhormhór as díol leas CIÉ i gcuid de láithreán forbraíochta mór i gceantar na ndugaí i mBaile Átha Cliath.

Ba é príomhchúis an mhéadaithe ar ioncam cíosa ná comhaontuithe ceadúnais snáthoptaice a bhí déanta cheana agus comhaontuithe forbraíochta i mBaile Átha Cliath agus ag Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh.

Measann CIÉ go n-oireann roinnt dá chuid láithreán forbraíochta féideartha go mór don éileamh láidir atá le sonrú sa mhargadh réadmhaoine tráchtála faoi láthair agus tá sé ag ullmhú go gníomhach chun iad a chur ar an margadh in 2017 trí mheán comhaontuithe forbraíochta.

Tá Aonad Maoine an Ghrúpa fós ag soláthar seirbhísí gairmiúla do thionscadail éagsúla bhonneagair de chuid Iarnród Éireann.

## Bus Átha Cliath

### Forbhreathnú

Bhí roinnt dúshlán tábhachtach le sárú ag Bus Átha Cliath in 2016 agus é ag coinneáil leis an misean atá aige seirbhís phoiblí éifeachtach a chur ar fáil, faoina mbeidh seirbhísí éifeachtúla, iontaofa agus slán á soláthar do na custaiméirí. Tháinig méadú 4.7%, go dtí 128.2 milliún, ar líon na gcustaiméirí ar ár mbealaí OSP agus ar na seirbhísí tráchtála, in ainneoin gur chaill ár gcustaiméirí 6 lá seirbhísí mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch i mí Mheán Fómhair 2016. Mar sin féin, chothaigh an téarnamh geilleagrach atá fós ar bun brú tráchta ní ba mheasa agus brú costais a bhaineann leis an éileamh méadaithe ar sheirbhísí.

Bhí áthas ar an gCuideachta 110 feithicil nua bhreise a chur ar an mbóthar in 2016. Dul chun cinn eile is ea na busanna nua i dtaobh seirbhísí iompair phoiblí atá áisiúil, compordach agus inbhuanaithe a chur ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Cliath. Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag oibriú flít busanna a bhfuil rochtain ísealurláir orthu go léir.

Tá an-tóir fós ar Fhaisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí agus is mealltaí fós an tseirbhís do chustaiméirí anois í de bharr go bhfuil tuilleadh scáileán faisnéise curtha in airde ar fud na cathrach.

Thabhaigh an Chuideachta costais mhéadaithe maidir le comhaontú pá a rinneadh leis an bhfoireann le linn 2016. Áiríodh sa chomhaontú sin freisin tiomantas chun leanúint ar aghaidh ag díriú ar bhearta éifeachtúlachta costais a chur i bhfeidhm ar fud na gcatagóirí caiteachais go léir lena chinntiú go bhfaighfear luach ar airgead.

### Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais na bliana 2016

Thuill Bus Átha Cliath glanbharrachas €2.6 milliún in 2016. Tá sé sin i gcomparáid le barrachas €10.2 milliún in 2015.

Ar phríomhghnéithe na dtorthaí airgeadais tá méadú ioncaim €8 milliún, méadú €16 mhilliún ar chostais oibriúcháin agus méadú €1.9 milliún ar íocaíochtaí OSP. Cuimsítear sa mhéadú ar chostais oibriúcháin ardú pá 3.75%, a cuireadh chun feidhme in 2016. Cé go dtagann an t-ardú pá sin sna sála ar reo pá a bhí i bhfeidhm ó

2008 agus ar laghdú ar na téarmaí agus coinníollacha a tugadh isteach in 2013-2015 mar gheall ar an ngéarchéim airgeadais, d'eascair costas méadaithe €6.5m as in 2016. Ina theannta sin, thabhaigh an Chuideachta costais a bhaineann le seirbhísí breise a sholáthar do chustaiméirí mar gheall ar an ngeilleagar a bheith ag teacht chuige féin arís. Tá na costais mhéadaithe sin ar bhonn éilimh le sonrú sna torthaí airgeadais don bhliain 2016.

Tháinig méadú €8 milliún (3.6%) ar an ioncam oibriúcháin iomlán, ó €228.1 milliún go €236.2 milliún in 2016. Léiríonn an méadú sin ar ioncam an t-ardú foriomlán 4.7% ar an éileamh ó chustaiméirí. De réir mar a choinnigh custaiméirí orthu ag aistriú ón rogha airgid thirim (rogha a bhfuil brabús níos mó le déanamh uirthi) chuig an gCóras Ticéadaithe Chomhtháite, tháinig laghdú ar an meántáille fhoriomlán in aghaidh an aistir paisinéara in 2016.

Tharla díospóid thionsclaíoch a mhair sé lá i mí Mheán Fómhair 2016. Ba chúis mhór aiféala don Chuideachta an ghníomhaíocht thionsclaíoch, a chuir isteach go mór ar ár gcustaiméirí. Tá glantionchar na díospóide sin le sonrú sna ráitis airgeadais, go háirithe maidir le leibhéil ioncaim laghdaithe agus pionóis a ghearr an tÚdarás Náisiúnta Iompair, mar aon le laghdú ar chostas an phárolla agus ar chostas breosla le linn thréimhse na díospóide. Tháinig méadú €10.8 milliún (6.3%) ar chostas iomlán an phárolla, go dtí €183.4 milliún, de réir mar a d'ardaigh an meánráta pá a íocadh leis na fostaithe, mar aon le méadú 118 ar an meánlíon foirne de bharr éileamh méadaithe in 2016.

Tháinig méadú €5 mhilliún (5.4%) ar an gcaiteachas ar ábhair agus seirbhísí don bhliain i gcomparáid le 2015. Is as an gcaiteachas ar chothabháil foirgneamh, as muirir rochtana bonneagair agus as leithdháiltí costais ón gCóras Ticéadaithe Chomhtháite a d'eascair an méadú den chuid is mó.

Fuair Bus Átha Cliath íocaíochtaí OSP dar luach €59.6 milliún in 2016; sin méadú €1.9 milliún i gcomparáid le 2015, mar thoradh díreach ar bhreis seirbhísí a bheith á soláthar. Is ísle í an íocaíocht OSP a fuarthas in 2016 ná an íocaíocht OSP a leithdháileadh nuair a thosaigh an conradh dámhachtana dírí in 2014. Bhí sé sin indéanta toisc go rabhamar ag díriú go fóill ar bhearta éifeachtúlachta maidir le seirbhísí a sholáthar. Tá Bus Átha Cliath fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas a chur ar an ngréasán seirbhísí agus ar chaighdeán na seirbhísí a thairgimid do na custaiméirí. Glacann na páirtithe leasmhara go léir leis go mbaineann an-tábhacht le barrachas réasúnta ar an gconradh OSP ionas go mbeidh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh ag díriú ar chobhsaíocht airgeadais, rud as a n-eascróidh airgead don infheistíocht riachtanach agus seasmhacht níos fearr maidir le seirbhísí iompair a sholáthar.

Tá sé beartaithe ag an gCuideachta leanúint ar aghaidh ag cur lena gréasán seirbhísí agus cur le héifeachtúlacht na hoibríochta.

Bhí an leathnú ar an ngréasán seirbhísí, tógáil straitéiseach branda, iontaofacht níos fearr i dtaobh seirbhísí, chomh maith is a d'éirigh leis an bhFaisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí agus leis an gCóras Ticéadaithe Chomhtháite agus infhaighteacht na seirbhísí go léir ina gcúiseanna leis an ardú ar éileamh na gcustaiméirí ar na seirbhísí bus dár gcuid. Déanfaidh an Chuideachta iarracht feabhas a chur ar an raon seirbhísí atá á dtairiscint do chustaiméirí aici agus cur le líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí iompair phoiblí trí infheistíocht a dhéanamh i bpríomhthionscadail atá dírithe ar an gcustaiméir, trí chur leis an ngníomhaíocht mhargaíochta ar ár mbealaí lárnacha, agus trí fheachtais shonracha a bheidh dírithe ar uaireanta seachbhuaice agus ar an deireadh seachtaine.

## Forbairtí i dtaobh Seirbhísí Tráchtála

Ba bhliain spreagúil í 2016 inar cuireadh dúshlán Bhus Átha Cliath i dtaobh na seirbhísí tráchtála. Sheol an Chuideachta roinnt seirbhísí nua, agus chuir sí feabhas ar sheirbhísí seanbhunaithe ar mhaithe leis na custaiméirí. Iompraíodh 2.8 milliún paisinéir ar na seirbhísí tráchtála in 2016, sin méadú 11% ar líon na bliana 2015. Cuireadh busanna breise ar an mbóthar don tseirbhís Airlink (Bealach 747) in 2016 chun freastal ar an éileamh. Seoladh an tseirbhís Airlink 757 chun díriú ar mhargadh nua soláthraithe lóistín agus ar ghnólachtaí ar an taobh ó dheas de Bhaile Átha Cliath. D'éirigh go geal le Turas 1916 'Beyond Barricades' agus ba ghearr gur bhain sé amach an 15ú háit ar TripAdvisor sa chatagóir 'Turais ar Bhaile Átha Cliath'. Dearadh agus tógadh deasc eolais nua faoi chúrsaí Bus agus Taistil in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus is pointe lárnach í i gCríochfort 1 do na paisinéirí bus. Ar an lámh eile, imríodh tionchar mór ar na seirbhísí tráchtála de bharr na díospóide caidrimh thionsclaíoch le linn 2016 agus thabhaigh an táirge easnamh €0.5m in 2016. Áirítear leis sin roinnt míreanna eisceachtúla agus beimid dírithe in 2017 ar bhrabús a dhéanamh ar an tseirbhís arís trí uasmhéadú ioncaim agus bainistiú tréan ar na costais.

I measc na bpleananna i gcomhair 2017 tá siad seo a leanas:

- Branda Tráchtála nua a fhorbairt agus a sheoladh – DoDublin.
- Suíomh gréasáin nua DoDublin a fhorbairt agus a sheoladh.
- Leanúint ar aghaidh ag díriú ar chur leis an ioncam ó Airlink agus ó na Turais Chathrach.
- Leanúint ar aghaidh le Turas 1916 – Beyond Barricades.

## Oscailt an Mhargaidh

I mí an Mheithimh 2016, d'eisigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair an Cuireadh chun Idirbheartaíochta i gcomhair na tairisceana i ndáil le 10% de na cuarbhealaí laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Gheall an Chuideachta






tairiscint iomaíoch a chur isteach, a bheadh ag teacht lenár mbunluachanna, ionas go gcoinneodh sí an gréasán seirbhísí OSP atá ann faoi láthair. Chuir Bus Átha Cliath an tairiscint uaidh isteach i mí Feabhra 2017 agus leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh ag obair go réamhghníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir chun bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmiú na seirbhísí OSP amach anseo.

### An Luas Traschathrach

In 2016, bhí na hoibreacha tógála don Luas Traschathrach fós ag cur as go mór do Bhus Átha Cliath, agus chuir siad moill ar na haistir trí lár na cathrach. Mar sin féin, a bhuí le pleanáil chríochnúil agus leis an gcumarsáid leis na páirtithe bainteacha, lean Bus Átha Cliath air ag soláthar seirbhís iontaofa ardchaighdeáin. Tá an phleanáil le haghaidh tuilleadh oibreacha tógála, córas caitéine lasnairde a thógáil agus tramanna a thástáil i rith 2017 faoi lánseol tríd an bpróiseas ilghníomhaireachta faoi chathaoirleacht an Údaráis Náisiúnta Iompair, i gcomhar leis an nGarda Síochána, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bonneagar Iompair Éireann agus príomhchonraitheoirí an tionscadail. Tá an tionscadal le bheith críochnaithe ag deireadh na bliana 2017.

### An Conradh Seirbhíse Poiblí

Dhírigh Bus Átha Cliath ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá air i ndáil le spriocanna feidhmíochta faoin gConradh Seirbhíse Poiblí Dámhachtana Dírí 2014-2019. Sonraítear sa chonradh na caighdeáin feidhmíochta oibríochta agus caighdeáin na seirbhísí do chustaiméirí nach mór do Bhus Átha Cliath a chomhlíonadh. Baineann na spriocanna le Ciliméadair Chaillte, Iontaofacht, Poncúlacht agus Eolas do Chustaiméirí. Tá Bus Átha Cliath dírithe ar a chinntiú go mbeidh seirbhís ardchaighdeáin á soláthar do na custaiméirí go léir agus go gcomhlíonfar gach sprioc feidhmíochta.

### Dul Chun Cinn ó thaobh na Teicneolaíochta

Tá an Fhaisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí (ar chomharthaí ag stadanna bus, ar an suíomh gréasáin agus ar an aip mhóibíleach) fós ina gné thábhachtach den soláthar seirbhíse. I suirbhéanna neamhspleácha a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair, fuarthas go raibh an Fhaisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí ar chomharthaí ag na stadanna bus cruinn 97.5% den am. Is fearr fós é cruinneas na Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí ar an suíomh gréasáin.

Faoi dheireadh 2016 bhí 574 scáileán Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí ag stadanna bus (2015: 562 scáileán faisnéise). Tá sé beartaithe ag Bus Átha Cliath agus ag an Údarás Náisiúnta Iompair cur le líon na scáileán sin arís in 2017, agus cuirfear suas le 75 scáileán taispeána breise in airde i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Bhí córas fógraí ó bhéal ar gach bus nua a cuireadh leis an bhflít in 2016, mar aon le taispeántas closamhairc. Tá an clár faoina bhfuil na scáileáin leictreonacha á n-iarfheistiú ar bhusanna nach cinn nua iad curtha i gcrích anois. Faoi dheireadh 2016, bhí na scáileáin leictreonacha suiteáilte mar threalamh bunaidh ar 430 bus, agus bhí siad iarfheistithe ar 407 bus. Déantar fógraí fuaime faoin gcéad stop eile ar gach bus.

### An Cárta Leap

Lean an méadú ar úsáid an Chárta Leap in 2016. Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí breis is 2 mhilliún Cárta Leap eisithe. Úsáideadh Cártaí Leap i gcás thart timpeall is 66% de na haistir paisinéirí ar Bhus Átha Cliath (lena n-áirítear pasanna saorthaistil na Roinne Coimirce Sóisialaí) faoi mhí na Nollag 2016, méadú ó 56% ag tús na bliana.

### Feachtas maidir le Luach do Chustaiméirí

Seoladh an 'Feachtas Luacha' dár gcuid i mí Feabhra 2016. Ba iad cuspóirí an fheachtais feasacht a spreagadh faoi Uastáillí Socraithe ar an gCárta Leap agus na custaiméirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis an uasteorannú táillí. 'D'fhéadfá a bheith ag fáil saorthaisteal bus ag an deireadh seachtaine le do Chárta Leap' a bhí mar mhana ag an bhfeachtas.

D'éirigh go geal leis an bhfeachtas, agus chothaigh sé an-chuid dea-phoiblíochta agus idirghníomhaíochta le custaiméirí trí chomórtas a bhí ar siúl againn ar Facebook.

### Cuimhneachán 1916

Bhí Bus Átha Cliath bródúil as a bheith ar an bpríomh-chomhpháirtí iompair le haghaidh Cheiliúradh Cuimhneacháin 1916 trí chuairteoirí a iompar chuig imeachtaí agus tacú le tionscnaimh chultúrtha lena ndearnadh comóradh ar fhir agus mná an Éirí Amach. Ina theannta sin, chuamar i bpáirt le hAcadamh Ríoga na hÉireann chun ríomhleabhar saor in aisce a fhoilsiú: '1916: Portraits and Lives', a seoladh ar an Late Late Show i lár mhí an Mhárta.

## Bus Éireann

### Forbhreathnú

Bhí Bus Éireann fós ag obair i dtimpeallacht oibríochta an-dúshlánach in 2016 mar is léir ón easnamh oibríochta a mhéadaigh go dtí €9.5m in 2016 (2015: €6m). Tá an meath atá tagtha ar fheidhmíocht airgeadais Bhus Éireann neamh-inbhuanaithe agus mura ndéanfar beart ceartaitheach go práinneach, ní cinnte go mbeidh an Chuideachta inmharthana feasta.

In ainneoin an fheidhmíocht airgeadais a bheith ina cúis díomá, coinníodh in 2016 leis an treocht ó bhliain go bliain i dtaobh deiseanna ioncaim a bheith ag méadú: tháinig méadú 4.8% ar líon na n-aistear paisinéirí de bhóthar go dtí 39.7 milliún aistear.

### Plean gnó

De bharr meath a bheith tagtha ar staid airgeadais na Cuideachta, cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar gach gné den ghnó sa dara leath de 2016. Díríodh an t-athbhreithniú sin ar dtús ar Expressway, an phríomhsheirbhís tráchtála de chuid na Cuideachta, nach bhfaigheann aon fhóirdheontas ón Stát. Mar gheall ar iomaíocht mhéadaithe agus an bonn costais ard, tá feidhmíocht airgeadais Expressway imithe go mór in olcas le 3 bliana anuas. Cheap an bord comhairleoirí corparáideacha seachtracha chun athbhreithniú dian a dhéanamh ar na roghanna éagsúla a bhí á meas ag an lucht bainistíochta agus chun measúnú a dhéanamh ar stóinseacht na bpleananna a bhí acu. Cuireadh na pleananna agus na torthaí sin faoi bhráid bhord na Cuideachta i mí na Nollag 2016, agus chinn an bord nach raibh aon cheann de na roghanna a moladh inmharthana.

Cuireadh tús le hathbhreithniú nua ar an ngnó i mí Eanáir 2017 tar éis roinnt athruithe ar an bhfoireann ardbhainistíochta. Ba é an cuspóir a bhí leis plean a cheapadh chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- an fheidhmíocht airgeadais lag a chobhsú agus a aisiompú, agus
- a bheith ina bhunchloch le haghaidh an gnólacht a dhéanamh inmharthana agus inbhuanaithe sa chaoi is go mbeadh sé in ann dul san iomaíocht i margadh atá seasta ag éirí níos iomaíche.

Léirigh an measúnú tosaigh nach le Expressway amháin a bhain na dúshláin atá roimh an Chuideachta. Deimhníodh san athbhreithniú nach raibh cleachtais oibre na Cuideachta, struchtúr na heagraíochta, an struchtúr bainistíochta ná na córais faisnéise 'oiriúnach don fheidhm' agus mura nglacfaí gníomh práinneach go mbeadh impleachtaí tromchúiseacha acu i leith inmharthanacht na Cuideachta ina hiomláine.

Ghlac an lucht bainistíochta gníomh láithreach i mí Eanáir chun cúrsaí airgeadas na Cuideachta a stopadh ó dhul in olcas, ach níor éirigh leis an rannpháirtíocht chuiditheach leis an bhfoireann agus na ceardchumainn agus tugadh cuireadh do na páirtithe go léir teacht os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Bhí sé ina thoradh sa deireadh ar dhianbhabhta cainteanna ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre gur cuireadh na páirtithe ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais. D'eisigh an Chúirt Oibreachais moladh mionsonraithe ar ghlac an Chuideachta leis, agus ina dhiaidh sin ghlac formhór na mball foirne leis i mballóid i mí na Bealtaine 2017.

Creideann an bord agus an lucht bainistíochta go bhfuil a lán tionscnamh sa mholadh ón gCúirt Oibreachais a chuirfeadh ar chumas na Cuideachta na cuspóirí atá leagtha amach thuas a bhaint amach dá n-éireodh leo iad a chur chun feidhme. I measc phríomhghnéithe na moltaí tá beagnach 60 athrú ar na cleachtais oibre chomh maith le laghdú 240 duine ar líon na mball foirne. Leis na tionscnaimh sin, mar aon le bearta spárála costais neamh-phárolla, spárálfaidh an Chuideachta thart ar €20m i mbliain iomlán. Táthar ag dul i gcomhairle go leanúnach leis na príomhpháirtithe leasmhara agus é ina chuspóir cistiú breise a fháil amach anseo do sheirbhísí atá tearc-chistithe faoi láthair.

Tá na tionscnaimh sin san áireamh i bplean gnó a cheadaigh an bord ar an 29 Bealtaine, 2017. Creideann an bord gurb amhlaidh, ach an plean sin a chur i bhfeidhm, go dtiocfaidh feabhas mór ar staid airgeadais na Cuideachta; i gcomhar le hathstruchtúrú na heagraíochta, beidh an méid sin ina bhunchloch maidir le cuideachta a chruthú a bheidh inmharthana san fhadtréimhse.

Admhaíonn an bord agus an fhoireann ardbainistíochta nárbh éasca an cinneadh a rinne na baill foirne aonair glacadh leis na moltaí ón gCúirt Oibreachais i bhfianaise na n-impleachtaí a bhféadfadh a bheith acu ina leith. Aithníonn an lucht bainistíochta nach mór dóibh iarracht a dhéanamh freagra a thabhairt ar aon chúis imní gan ghá a d'fhéadfadh a bheith ag na baill faoine agus míniú soiléir a thabhairt ar an ngá atá le hathrú, agus léargas a thabhairt ar na deiseanna a bheidh ag an gCuideachta amach anseo má éiríonn leo na moltaí a chur chun feidhme. Is den riachtanas anois é don fhoireann agus don lucht bainistíochta a bheith ag obair as lámha a chéile chun dul ar aghaidh leis an bplean a chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, poist sheasmhacha a chinntiú d'fhormhór na foirne.

## Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Sonraítear sa chonradh OSP atá i bhfeidhm faoi láthair idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann (2014-2019) caighdeáin na feidhmíochta oibríochtúla agus na seirbhísí do chustaiméirí nach mór do Bhus Éireann a choinneáil ar bun. Fuair an Chuideachta fóirdheontas OSP €41.9 milliún in 2016 (2015: €33.7 milliún le deontais ioncaim €4 mhilliún).

Bhí borradh mór faoi líon na n-aistear custaiméirí OSP go fóill, agus tháinig méadú 6.3% air i gcás seirbhísí réigiúnacha. Tháinig méadú 3.2% ar na seirbhísí comaitéara; sin feidhmíocht láidir i bhfianaise luas níos moille an téarnaimh gheilleagraigh lasmuigh de na príomhcheantair uirbeacha.

## Iompar Scoile

Lean an Chuideachta ar aghaidh ag soláthar seirbhísí iompair scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Le linn 2016 d'iompair Bus Éireann beagnach 115,000 páiste ar 6,500 bealach chuig 3,000 scoil gach lá scoile. Tá an tseirbhís seo á soláthar ar bhonn díreach ag flít feithiclí de chuid Bhus Éireann agus ag breis is 1,500 fochonraitheoir.

In 2016, cuireadh leis an tseirbhís trí fhlít busanna nua a thabhairt isteach a thabharfaidh leibhéal níos airde éifeachtachta agus luacha sna blianta atá romhainn.

## Expressway

Is é seo an rannóg tráchtála den tseirbhís do phaisinéirí bóthair a chuireann seirbhísí idirchathracha ar fáil ar bhealaí tábhachtacha. In 2016, d'iompair Expressway 6.9 milliún paisinéir, laghdú beag ar an mbliain roimhe sin. Bíonn flít 148 bus ar an mbóthar ar an ngréasán bealaí, ar cuireadh 40 díobh i mbun seirbhíse go luath in 2016.

Mar chuid den phlean chun an gnó a athstruchtúrú, dúnfar 3 bhealach i rith 2017 agus beidh minicíocht na seirbhíse ar roinnt bealaí eile fós faoi athbhreithniú.



### Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an Chuideachta dírithe ar fheabhas gníomhach a chur ar na seirbhísí atá á dtairiscint do chustaiméirí aici. Seoladh tionscnaimh éagsúla le linn 2016, lena n-áirítear suíomh gréasáin nua de chuid Bhus Éireann/Expressway ina bhfuil gnéithe breise amhail inneall ríomhthráchtála móibíleach feabhsaithe. Is eol don Chuideachta nach mór di cur le saibhreas an eispéiris a bhíonn ag na custaiméirí. Beifear ag díriú ar an tseirbhís atá ón gcustaiméir a sholáthar; poncúlacht níos fearr, minicíocht níos mó, amchlár níos fearr, chomh maith le feabhas a chur ar an eispéireas taistil ar an mbus trí leanúint ar aghaidh le nuachóiriú an fhlít. Ní mór an méid sin a chomhlánú leis an togra dár gcuid i dtaobh luach ar airgead.

### Sábháilteacht

Is ar an tsábháilteacht is mó a bhí foireann ar fad Bhus Éireann dírithe arís eile in 2016. Táimid seasta ag feabhsú agus ag ardú na gcaighdeán atá againn, atá ard cheana féin, chun teacht leis an bhfeabhsúchán teicniúil leanúnach agus le deimhniúchán oiliúna.

### Oscailt an Mhargaidh Busanna

Le míonna beaga anuas d'eisigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair fógraí foirmiúla i leith an chuiridh idirbheartaíochta i gcomhair na tairisceana seo a leanas:

- Seirbhísí bus Cathair Phort Láirge, agus
- Seirbhísí Bus Comaitéara Bhaile Átha Cliath.

Tá an Chuideachta tiomanta do thairiscintí iomaíocha a chur isteach ar an dá sheirbhís agus táthar ag súil go bhfógrófar an toradh anonn sa bhliain.

## Iarnród Éireann

Tháinig méadú 8% ar líon na bpaisinéirí in 2016 ar fud na seirbhísí Intercity, na seirbhísí Comaitéara agus na seirbhísí DART, go dtí 42.8 milliún aistear. Chuidigh an borradh faoin ngeilleagar agus faoi chúrsaí fostaíochta, mar aon le mórimeachtaí a bheith ar bun, leis an méadú sin.

Mar sin féin, baineann dúshlán fós le seirbhís shábháilte, atá dírithe ar an gcustaiméir, a sholáthar chun freastal ar an mborradh faoin éileamh. In 2016, leanamar orainn ag feidhmiú agus easpa cistithe orainn agus rinneadh cur síos ar na himpleachtaí a bheadh aige sin don todhchaí san Athbhreithniú Iarnróid a foilsíodh i mí Lúnasa 2016 i gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Chun caighdeáin sábháilteachta agus seirbhíse a chomhlíonadh agus a fheabhsú, agus chun fáil réidh le bagairt na dócmhainneachta, tá géarghá le cistiú ilbhliantúil inbhuanaithe, agus beimid ag obair lenár bpáirtithe leasmhara chun é sin a bhaint amach.

### An tSábháilteacht

Tá teist láidir ag an gCuideachta maidir le bainistíocht sábháilteachta, agus is ag Éirinn atá an líon is lú timpistí, básanna agus gortuithe tromchúiseacha ualaithe san athbhreithniú is déanaí ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ar fheidhmíocht sábháilteachta ar fud na mBallstát, san Eilvéis agus san Iorua.

Mar sin féin, ní mór dul i ngleic leis an easpa cistithe chun a chinntiú go gcoinneoimid leis an leibhéal sábháilteachta agus gur níos sábháilte fós a bheimid ag éirí.

### Cúrsaí Airgeadais

Is é toradh foriomlán na bliana ná easnamh €2.9 milliún i gcomparáid le heasnamh €7.7 milliún a tuairiscíodh i leith na bliana 2015. Toradh fabhrach don bhuiséad atá ann, cuid mhór de a bhuí leis an ioncam ó phaisinéirí a bheith láidir go fóill. Tá méadú bliain ar bhliain tagtha ar an ioncam i ngach mór-réimse gnó.

Tá an t-ioncam ó phaisinéirí in 2016, €193.7 milliún, ar an leibhéal is airde ó bunaíodh an Chuideachta agus tá an t-ioncam iomlán €244.5 milliún suim €10.6 milliún chun tosaigh ar ioncam na bliana roimhe sin.

### Ár gCustaiméirí

Arís eile in 2016, chomhlíonamar agus sháraíomar ár spriocanna OSP ar gach bealach, agus baineadh amach poncúlacht 95% ar a laghad ar fhormhór na mbealaí. Bhí éileamh mór le sonrú go fóill agus tháinig méadú 8.0% ar an líon aistear paisinéirí agus 5.2% ar ioncam ó phaisinéirí in 2016.

Cuireadh tús leis na seirbhísí traschathrach trí Thollán Pháirc an Fhionnuisce i mí na Samhna 2016 le seirbhísí buaicuaireanta idir Droichead Nua/Collchoill agus Duga na Canálach Móire.

Tá an chéim dheartha agus thógála den chlár 'Tús Áite don Chustaiméir' ag dul chun cinn de réir an sceidil, agus beidh sé á fheidhmiú in 2017. Faoin tionscadal sin, déanfar athrú ó bhonn, trí thionscnaimh theicneolaíochta, ar an gcaoi a mbíonn Iarnród Éireann ag idirghníomhú lena chustaiméirí agus a ndéanann sé gnó leo.

Cuireadh an flít traenacha athchóirithe ar an tseirbhís Enterprise idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath ar ais i mbun seirbhíse go luath in 2016, rud a chuir feabhas nach beag ar shaoráidí do chustaiméirí.

Sheol Belmond an 'Grand Hibernian', turas galánta traenach trasna na hÉireann, i mí Lúnasa 2016, rud a chomhlíon an comhaontú comhpháirtíochta a síníodh in 2014.

### Lasta

Áiríodh iad seo a leanas i measc phríomhthráchtanna lasta na Cuideachta in 2016:

- Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath.
- Traenacha coimeádán ó Bhéal an Átha chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge.
- Traenacha adhmaid ó Chontae Mhaigh Eo chomh fada le Port Láirge.

Mhéadaigh an t-ioncam ó €8.8 milliún go dtí €9 milliún in 2016, agus mhéadaigh líon na dtonnaí in aghaidh an chiliméadair ó 96.4 milliún go dtí 101.4 milliún.

Chuireamar i gcrích an tástáil ar an traein lastais is faide riamh ar ár ngréasán in 2016, agus cuirfear traenacha lastais níos faide i mbun seirbhíse in 2017 chun cur le hiomaíochas i ndáil le lasta iarnróid.

## Europort Ros Láir

Is é Iarnród Éireann an t-údarás calafoirt ag Europort Ros Láir, an dara calafort farraige is gnóthaí sa Stát ó thaobh gluaiseachtaí loinge, trácht turasóireachta agus lasta aonadaithe.

Tháinig méadú foriomlán 1% bliain ar bhliain ar an ioncam, go dtí €10.6 milliún, agus bhí méadú ar líon na ngluaisteán paisinéirí, na n-aonad lasta róró, agus na bhfeithiclí trádála.

## Ár nGréasán

Rinneadh an gnó Bainistíochta Bonneagair i gcomhair 2016 a chistiú trí chonradh ilbhliantúil agus trí mhuirir i dtaobh rochtain ar na rianta ó oibríochtaí traenach, ar fiú €204.8 milliún iad.

I measc na dTionscadal Feabhsaithe a cuireadh chun cinn i rith na bliana bhí siad seo a leanas:

- Oibreacha feabhsaithe leanúnacha ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.
- Tá tús curtha leis an obair ar an dearadh i gcomhair Córas Náisiúnta Rialaithe Traenach nua lena n-áirítear córas nua bainistíochta tráchta.
- Rinneadh uasghrádú ar an mbealach trí Thollán Pháirc an Fhionnuisce ionas go bhféadfaí seirbhísí nua a chur ar bun.
- Rinneadh forbairt agus feidhmiú in 2016 ar an tsamhail rioscaí i leith gearrthacha agus claífort agus ar an uirlis tacaíochta i leith cinntí. Bhronn Institiúid Innealtóirí na hÉireann gradam sármhaitheasa innealtóireachta, gradam a bhfuil an-mheas air, ar an tionscadal.
- Teicneolaíochtaí muilleoireachta iarnróid á gcur i bhfeidhm sa ghréasán, a mbeidh tairbhe mhór le baint astu trí chur le saolré na ráillí.
- Cuireadh i gcrích an chéim is déanaí de thionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach, faoina bhfuil trealamh nua-aimseartha á chur in ionad seantrealamh comharthaíochta. Tacóidh an trealamh nua le níos mó gluaiseachtaí traenach. Táthar ag dul chun cinn le céimeanna eile.

## Pleanáil Straitéiseach

Tá Iarnród Éireann ag obair i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun bearta féideartha a aithint i dtaobh costas a spáráil a bhaineann leis an ngné DART Faoi Thalamh den chlár maidir leis an DART a Leathnú agus chun cur chuige a chomhaontú i dtaobh gnéithe eile an chláir a chur i gcrích. Tá an DART Faoi Thalamh ar an tionscadal iompair aonair is tábhachtaí chun dul i ngleic le brú tráchta agus inbhuanaitheacht i ngréasán iompair na hÉireann.

Fáiltíonn Iarnród Éireann roimh chinneadh an Rialtais cistiú breise a sholáthar tríd an gconradh ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair le haghaidh clár bliantúil faoina nglanfar ballasta ráillí, chun feabhas a chur ar amanna taistil ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.

## Ár gcuid Daoine

Lean foireann Iarnród Éireann, 3,770 duine, ag soláthar seirbhísí sábháilte iompair ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí tráth a raibh geilleagar na tíre faoi bhrú. Cuireadh deireadh i mí Dheireadh Fómhair leis an maolú sealadach i dtaobh íoc bunphá, beart a tugadh isteach in 2014 ar feadh tréimhse 25 mhí. Is mór againn an cuidiú sin, a raibh géarghá leis, ónár gcomhghleacaithe.

Ghnóthaigh an eagraíocht roinnt duaiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil le hoibríochtaí traenach, innealtóireacht, oidhreacht, margaíocht, tionscnaimh chomhshaoil agus na meáin shóisialta.

Thionscain an Chuideachta roinnt clár mórathraithe, lena n-áirítear:

- Athshainiú a dhéanamh ar Mhisean, Fís agus Luachanna na Cuideachta.
- Clár Forbartha Ceannaireachta.
- Pleanáil Comharbais agus Bainistiú Tallainne.
- An eagraíocht a chuíchóiriú lena chinntiú go mbeidh struchtúr cuí orainn chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus riachtanais an ghnó amach anseo.

## Cúrsaí Comhshaoil

In 2016 lean Iarnród Éireann ar aghaidh lena chuid oibre chun ídiú fuinnimh a laghdú, ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta aige go dtí seo faoina bhfuil sárú déanta aige cheana féin ar sprioc 2020 na hearnála poiblí i dtaobh astaíochtaí a laghdú 30%.

Áirítear leis na bearta:

- Leathnú a dhéanamh ar mhúchadh uathoibríoch na n-inneall traenach.
- Triail a bhaint as breiseáin bhreosla chun níos lú breosla a ídiú.
- Staidéar féidearthachta ar an ngiarbhosca a athsholáthar i ráilcharranna na seirbhísí Intercity.




- Leanúint leis an gclár faoina bhfuil soilse atá tíosach ar fhuinneamh á suiteáil sna foirgnimh.

### An Pobal

Tá Iarnród Éireann fós ag tacú le réimse tionscnamh chun cur leis an bhfeasacht ar fhadhbanna meabhairshláinte in Éirinn. Ina measc siúd bhí mí na feasachta meabhairshláinte a reáchtáil Seechange.ie (an Ribín Glas) i mí na Bealtaine; agus ghlac baill foirne de chuid Iarnród Éireann páirt i dTuras Rothaíochta 2016 in aghaidh an Fhéinmharaithe.

Áirítear leis na comhpháirtíochtaí is tábhachtaí leis an bpobal iad seo a leanas:

- Comóradh ar chéad bliain a bheith imithe tharainn ó tharla Éirí Amach 1916, i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann, ag na stáisiúin atá ainmnithe in onóir cheannairí an Éirí Amach
- Ár gclár tacaíochta pobail, Journal Journeys le hIarnród Éireann, faoina bhfaigheann 100 grúpa pobail agus grúpa deonach turas saor in aisce don ghrúpa chun tacú leis an obair a dhéanann siad ar mhaithe lena bpobal féin.

## Forbhreathnú ar Ídiú Fuinnimh an Ghrúpa in 2016


Áirítear iad seo a leanas le hídiú fuinnimh an Ghrúpa:

- Ola dhíosail i gcomhair fhlíteanna bus Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, charráistí Intercity Iarnród Éireann agus na dTraenacha Díosail Ilaonad.
- Leictreachas a úsáidtear ar sheirbhís DART Iarnród Éireann, i gcrosairí comhréidhe uathoibríocha, i stáisiúin traenach agus bhus, i seomraí trealaimh, i gceardlanna agus i dtaobh riachtanais ghinearálta oifige.
- Gás nádúrtha agus ola théimh le haghaidh oifigí agus ceardlanna a théamh.

Tá an phróifíl úsáide i leith 2016/2015 leagtha amach sa tábla thíos.

| | MWh 2016 | MWh 2015 |
|---|---|---|
| Ola dhíosail le haghaidh tarraingt feithiclí | 999,544 | 976,730 |
| Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí | 24,500 | 20,500 |
| Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile | 47,152 | 47,936 |
| Gás | 25,357 | 23,744 |
| Ola théimh | 793 | 1,047 |
| **Tomhaltas Fuinnimh iomlán** | **1,097,346** | **1,069,957** |

Tá an laghdú leanúnach ar an méid fuinnimh a ídítear in aghaidh gach milliún aistear custaiméirí leagtha amach thíos:




## Bearta a glacadh chun Costais Fuinnimh a Laghdú

Tá an Grúpa ag díriú go leanúnach ar chostas an fhuinnimh a laghdú an oiread is féidir. Seo a leanas roinnt de na bearta a rinneadh in 2016 agus atá pleanáilte le haghaidh 2017:

### Bus Átha Cliath

In 2016 thug Bus Átha Cliath faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Feithiclí nua a cheannach atá feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro VI – inneall níos lú agus níos éifeachtaí a úsáidtear le fonnadh níos éadroime chun ídiú breosla a laghdú, rud a fhágann go bhfuil siad 20% níos éifeachtaí ná na busanna a dtógann siad a n-áiteanna.
- Vigil Vanguard: oiliúint do thiománaithe maidir le teicnící tiomána atá báúil don chomhshaol.
- Coinneáil leis an monatóireacht ar fhuinneamh ag gach áitreabh de chuid Bhus Átha Cliath.
- Triail a bhaint as soilse LED sna hoifigí.
- Triail a bhaint as soilse dé-óid astaithe solais (LED) in ionaid arda sna ceardlanna.
- Clár Oiliúna ISO 50001.

In 2017 tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Trialacha i dtaobh tiomáint atá báúil don chomhshaol agus leas á bhaint as teicneolaíocht ar bord.
- Uathchóras bainistíochta breosla a shuiteáil i ngach iosta.
- An Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a chur chun feidhme.

### Bus Éireann

In 2016, thug Bus Éireann faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Leanadh ar aghaidh le clár faoi stiúir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann d'fhonn creidiúnú ISO50001 a chur chun feidhme agus a bhaint amach.
- Ghlac an eagraíocht páirt sa chlár CEM (Bainisteoir Fuinnimh Deimhnithe).
- Cuireadh le líon na bhfeithiclí atá feistithe le córais uathoibreacha chun innill a stopadh agus iad díomhaoin.
- Cuireadh le líon na bhfeithiclí ina bhfuil na hinnill nua Euro VI, ar innill níos glaine iad, ó 16% go dtí díreach faoi bhun 25%.
- Tá monatóireacht níos fearr á déanamh ar ídiú breosla trí theicneolaíocht ar bord.
- Tá líon na mbusanna ar a bhfuil córas teileamaitice méadaithe go dtí 32% in 2016, agus tá méadú eile go dtí 47% beartaithe in 2017. Úsáideadh an córas chun monatóireacht a dhéanamh ar ídiú breosla sna feithiclí i gcomparáid lena chéile.

In 2017, tá sé ar intinn ag Bus Éireann breis feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh mar seo a leanas:

- Tionscnaimh chun spriocanna a chomhlíonadh i ndáil le tiomáint atá báúil don chomhshaol, agus leas á bhaint as an gcomhéadan teileamaitice sa chábán.
- Laghdófar an t-achar ama i dtaobh inneall a stopadh agus é díomhaoin ó sheacht nóiméad go ceithre nóiméad ionas nach n-ídeofar breosla gan gá ar bith leis.
- Féachaint ar an laghdú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar ídiú breosla i ndáil leis an raon reibheáilte nuair a bhíonn an t-inneall díomhaoin.


### Iarnród Éireann

I measc na dtionscnamh atá dírithe ar chostais fuinnimh a laghdú in Iarnród Éireann tá siad seo a leanas:

- Tá clár tástála fós ar bun chun fíorú a dhéanamh ar éifeachtúlacht táirge a éilítear ina leith go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail.
- Cuireadh i gcrích an próiseas tairisceana i ndáil le tionscadal chun innill éifeachtacha nua-aimseartha, ar lú iad ná na sean-inill, a chur in ionad na n-inneall traenach 2-stróc atá idir 20 agus 40 bliain d'aois. Tá múchadh uathoibríoch ina ghné chaighdeánach sna hinnill nua. Táthar réidh chun dul i mbun an tionscadail sin ach an cistiú a bheith ar fáil.
- Tá tuilleadh modhnuithe ar na Bogearraí Rialaithe Tarraingthe curtha siar go dtí go mbeidh an tseirbhís 'DART 10 nóiméad' curtha chun feidhme agus í socraithe síos. Tá athruithe ar na leibhéil Uasacmhainne Iompórtála curtha siar freisin; agus b'fhéidir gur gá cur leo sin chun freastal ar ualaí níos mó le linn na mbuaicthréimhsí.
- Tá soilse atá tíosach ar fhuinneamh fós á gcur in ionad na seansoilse trí chlár leanúnach cothabhála/athnuachana.

## Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa


Bhí 10,017 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2016, sin méadú 180 duine i gcomparáid leis an mbliain 2015.




Sa tréimhse 2008 go 2014, bhí an Grúpa ag crapadh agus é ag iarraidh cur i gcoinne an drochthionchair de bharr laghdú a bheith tagtha ar an ioncam ó chonarthaí OSP agus de bharr líon na bpaisinéirí a bheith ag titim. Idir 2008 agus 2014 tháinig laghdú 18.5% ar líon na mball foirne, idir dhaoine a d'fhág ar an ngnáthbhealach agus daoine a ghlac le pacáistí téarfa dheonaigh. Rinne an Grúpa cistiú ar na pacáistí téarfa dheonaigh óna chuid acmhainní féin, rud a laghdaigh na costais oibriúcháin, agus laghdaigh sé sin an costas a bhí ar an Státchiste i dtaobh iompar poiblí a sholáthar.

Le teacht an téarnaimh, tá áthas orainn go bhfuil daoine á n-earcú ag an ngrúpa don fhoireann bhunlíne arís chun freastal ar an éileamh breise. Mar a bhí amhlaidh in 2015, is do Bhus Átha Cliath a earcaíodh formhór na n-iontrálaithe nua de réir mar a leathnaigh sé a cuid seirbhísí.

Mar a léirítear sa ghraf seo a leanas, tá feabhas tagtha ar líon na n-aistear custaiméirí in aghaidh an fhostaí toisc go bhfuiltear ag díriú go leanúnach ar na seirbhísí iompair a chuirimid ar fáil a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir.




### Rannpháirtíocht Foirne

Is iad na baill foirne príomhshócmhainn an Ghrúpa. Is é beartas an Ghrúpa é an leas is fearr is féidir a bhaint as an tsócmhainn sin trí chultúr rannpháirtíochta agus oibre foirne. Spreagtar na fostaithe uile chun páirt a ghlacadh i reáchtáil an Ghrúpa trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, i meithleacha oibre agus i dtionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. In 2016, bhí ceathrar Comhaltaí Oibrí ar Bhord CIÉ. In 2017, chuaigh Comhalta Oibrí amháin ar scor ó Bhord CIÉ agus tá triúr Comhaltaí Oibrí ar Bhord CIÉ faoi láthair.

### Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá an Grúpa tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina dtéitear in oiriúint do dhifríochtaí agus a dtuigtear a luach. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine barr a cumas nó a chumas a bhaint amach, agus ina bhfuil meas ar réimse leathan scileanna, buanna agus dearcthaí aonair agus a dtacaítear leo.

Trína oifigigh chomhionannais, tá cuideachtaí oibríocha an Ghrúpa ag cur feabhais i gcónaí ar an gcomhionannas san ionad oibre i gcás gach grúpa. Déantar athbhreithniú rialta ar an raon tionscnamh Cothromaíochta Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun forbairt a dhéanamh ar a chuid cleachtas agus gnáthamh, trí bheith ina bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC, mar shampla.

## Inrochtaineacht

Bímid i mbun caidreamh gníomhach le heagraíochtaí dóibh siúd a bhfuil fadhbanna maol-luaineachta acu chun tosaíochtaí a bhunú i dtaobh rochtain ar fheithiclí, oifigí agus stáisiúin.

Feidhmíonn Bus Átha Cliath flít busanna anois a bhfuil rochtain ísealurláir iontu uile, agus níl ach cuideachta bus amháin eile ar fud na hEorpa faoi láthair a dhéanann amhlaidh.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Grúpa an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a áirithiú i ngach gné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud an Ghrúpa in 2016 cloí le ceanglais an rialacháin sin.

## Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais. Cuireadh beagnach na soláthairtí uile os cionn na tairsí cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iris an Aontais Eorpaigh iad nuair ba chuí.

## Bainistíocht Rioscaí

In 2016, cheadaigh an Bord nuashonrú ar Bheartas agus Creat Bainistíochta Rioscaí an Ghrúpa. In 2016 freisin, chuir an Grúpa i bhfeidhm ardán bogearraí coiteanna lena dtacaítear leis an bpróiseas bainistíochta rioscaí. Feidhmítear an próiseas chun na príomhrioscaí a d'fhéadfadh bac a chur ar chomhlíonadh chuspóirí an Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú.

Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí laistigh den Ghrúpa clár rioscaí ina n-aithnítear na rioscaí éagsúla agus stádas na pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá foráil sa Chreat Bainistíochta Rioscaí maidir le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar rioscaí agus sainítear nósanna imeachta ann maidir lena dtábhacht a threisiú.





# Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

**Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2016 go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.**




| | |
|---|---|
| Vivienne Jupp | *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin* |
| Ultan Courtney | |
| Phil Gaffney | |
| Bill McCamley* | *(Chuaigh sé ar scor ar an 12 Feabhra 2017)* |
| Aebhric McGibney | |
| Christine Moran | |
| Aidan Murphy | |
| John Moloney* | |
| Tom O'Connor* | |
| Ruairi O'Flynn | |
| Niamh Walsh | |
| Tommy Wynne* | |

* *Comhalta Oibrí*

## Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane
Stáisiún Heuston
Baile Átha Cliath 8

**Teileafón:** + 353 1 703 2008
**Facs:** + 353 1 703 2276

# Coistí an Bhoird

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| | |
|---|---|
| Christine Moran | *Cathaoirleach* |
| Phil Gaffney | |
| Aebhric McGibney | *(Ceapadh é ar an 6 Iúil 2016)* |
| Niamh Walsh | |

## An Coiste Airgeadais

| | |
|---|---|
| Aebhric McGibney | *Cathaoirleach* |
| Ultan Courtney | |
| Christine Moran | |
| Aidan Murphy | |

## An Coiste Luacha Saothair

| | |
|---|---|
| Niamh Walsh | *Cathaoirleach* |
| Ultan Courtney | |
| Phil Gaffney | |
| Vivienne Jupp | |
| Aidan Murphy | |

## An Coiste Sábháilteachta

| | |
|---|---|
| Phil Gaffney | *Cathaoirleach* |
| Tom O'Connor | |
| Niamh Walsh | |
| Folúntas amháin | |

## An Coiste Straitéise

| | |
|---|---|
| Ruairi O'Flynn | *Cathaoirleach* |
| Ultan Courtney | |
| Phil Gaffney | |
| Vivienne Jupp | |
| Aidan Murphy | |

## Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| Ray Coyne | *Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath* |
| Cyril Dunne | *Príomhoifigeach Oibriúcháin, CIÉ* |
| David Franks | *Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann* |
| Ray Hernan | *Príomhfheidhmeannach Gníomhach, Bus Éireann (ceapadh é ar an 9 Eanáir 2017)* |
| Martin Nolan | *Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann (d'fhág sé an post ar an 9 Eanáir 2017)* |
| Elizabeth Crabill | *Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International (ceapadh í ar an 1 Aibreán 2016)* |
| Brian Stack | *Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International (chuaigh sé ar scor ar an 31 Márta 2016)* |

## Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla

Deloitte
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Áras Deloitte & Touche
29 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Aturnae

Colm Costello
Bridgewater House
Droichead na hInse
Baile Átha Cliath 8

## Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

# Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



**Vivienne Jupp;** *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Ceapadh Vivienne Jupp ina Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Sainchomhairleoir bainistíochta is ea í agus bhíodh sí ina Stiúrthóir Bainistíochta Domhanda le Accenture. D'fhóin sí i bpoist éagsúla Rialtais, lena n-áirítear a bheith ina Cathaoirleach ar Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus ina Comhalta de Choimisiún Craolacháin na hÉireann. Bhíodh sí ina comhalta den Chomhlacht Athbhreithnithe um Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí agus ina Comhalta Boird de chuid Fhoras Ospíse na hÉireann freisin. Bhain sí céimeanna BComm agus MBS amach in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD). In 2000, bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit in UCD Gradam an Alumnus den Scoth uirthi.



**Ultan Courtney**

Ceapadh Ultan Courtney chuig Bord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2014. Tá an-taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleoireachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEC. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim Mháistir san Eacnamaíocht air agus tá roinnt cáilíochtaí aige i réimse an dlí fostaíochta, na hidirghabhála, an eadráin agus an rialachais dlí.



**Phil Gaffney**

Ceapadh Phil Gaffney chuig Bord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i mí an Mheithimh 2011. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir ar Iarnród Éireann ón mbliain 2006 i leith. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea é. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, bhí 28 bliain caite aige an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ar Bhord na cuideachta Crossrail i Londain freisin, agus ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail.



**Bill McCamley**

Ceapadh Bill McCamley ar Bhord CIÉ ar dtús i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh sé i mbun oibre le Bus Átha Cliath in 1974 agus bíonn sé ag obair i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí roinnt post éagsúil aige ina cheardchumann, SIPTU, lena n-áirítear ballraíocht sa Choiste Réigiúnach, sa Choiste Rannach agus sa Choiste Craoibhe. Is comhalta de Choiste na hEarnála Iompair agus de Choiste Dhúiche Bhaile Átha Cliath é faoi láthair. Rinne sé ionadaíocht ar son a cheardchumainn ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina bhall de Mheitheal na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Foréigean Bus (1996). Tá a lán scríofa aige faoi shaincheisteanna iompair agus ceardchumainn, lena n-áirítear leabhar faoi stair oibrithe tram Bhaile Átha Cliath. D'éirigh sé as an mBord ar an 12 Feabhra 2017.



**Aebhric McGibney**

Ceapadh Aebhric McGibney ar Bhord CIÉ i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá sé ina Stiúrthóir Beartais agus Cumarsáide i gComhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil freagracht air as cúrsaí Rialtais agus cúrsaí idirnáisiúnta, caidreamh poiblí agus cumarsáid na mball. Bhí sé ina léachtóir, ina shainchomhairleoir eacnamaíochta agus ina Eacnamaí Sinsir le IBEC roimhe seo. Tá M.Litt. (Eacnamaíocht) aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus bhronn Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Gradam Liosta an Déin air as ucht a MBA in 2001.



### John Moloney

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Ba sa bhliain 1978 a thosaigh sé le Bus Éireann agus is ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh atá sé faoi láthair. Is comhalta den NBRU é.



### Christine Moran

Ceapadh Christine Moran ina comhalta de Bhord CIÉ i mí Iúil 2015. Bhí sí ina stiúrthóir feidhmiúcháin roimhe sin le KBC Bank Ireland, áit ar fhóin sí i róil shinsearacha cheannaireachta éagsúla, agus tá an-taithí aici i réimsí an chreidmheasa, an airgeadais agus na bainistíochta rioscaí. Tá sí ina comhalta de Bhord CIÉ agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá sí ina comhalta d'Údarás Rialaithe Ollscoil Mhá Nuad agus ina comhalta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na hOllscoile freisin. Tá sí ina stiúrthóir ar Darnell DAC (fochuideachta de chuid BNP Paribas Ireland) agus ina comhalta dá Choiste Iniúchóireachta. Cuireadh oiliúint uirthi mar chuntasóir cairte le PwC (Baile Átha Cliath), cháiligh sí leo, agus chuir sí i gcrích dhá bhabhta socrúcháin le PwC sa Bheilg agus i Nua-Eabhrac. Is Comhalta de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte in Éirinn í. Tá céim aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, is Stiúrthóir Deimhnithe Banc í le hInstitiúid na mBaincéirí in Éirinn agus bhain sí cáilíocht amach le gairid mar Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.



### Aidan Murphy

Ceapadh Aidan Murphy ina chomhalta de Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Éireann i mí Iúil 2014. Tá sé ina Phríomhoifigeach Oibriúcháin le Carlow Precast agus tá taithí na mblianta aige ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach le Pulse Logistics, ina Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, ina Bhainisteoir Ginearálta le Wincanton Ireland agus ina Stiúrthóir Lóistíochta le Allegro Ltd. Thug sé spreagaithisc ag roinnt imeachtaí de chuid Shlabhra Soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is Comhalta é den Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT), a mbíodh sé ina Uachtarán uirthi tráth.



### Tom O'Connor

Ceapadh Tom O'Connor ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'fhóin sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Bhíodh sé ag obair roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaí.



### Ruairi O'Flynn

Ceapadh Ruairí O'Flynn ina chomhalta Boird i mí Iúil 2015. Is comhalta boird é freisin le Canada Life International Reinsurance, Irish Life Investment Managers agus MetLife Europe. Bhíodh sé ina Phríomhfheidhmeannach le Canada Life Ireland agus ina Phríomhfheidhmeannach le Setanta Asset Management agus le Lifetime Assurance. Is le Grúpa Bhanc na hÉireann a bhí sé ag obair ar dtús agus bhíodh sé ina chomhalta dáimhe lánaimseartha ag an IMI. Tá céim B.B.S agus céim M.Sc. sa Bhainistíocht ag Ruairí ó Choláiste na Tríonóide. Ghlac sé páirt sa Chlár Stiúrthóirí Idirnáisiúnta 2015 ag Scoil Ghnó Insead.



### Niamh Walsh

Ceapadh Niamh Walsh ina comhalta den Bhord i mí Iúil 2015. Tá taithí 25 bliana aici i réimse na Baincéireachta Infheistíochta, taithí a fuair sí i Londain, i Hong Cong agus i mBaile Átha Cliath. Roimhe seo bhí sí ina Príomhoifigeach Riosca le JPMorgan Bank plc i mBaile Átha Cliath agus ina Comh-Phríomhfheidhmeannach le Bear Stearns Bank plc. Tá sí ina comhalta d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta agus d'Institiúid Chairte na Rúnaithe agus na Riarthóirí.



### Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne ina chomhalta Boird den chéad uair i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh sé le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair agus um Fhóntais agus Thógáil de chuid SIPTU.

# Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

Tá tús áite á thabhairt go fóill ag Comhaltaí Boird CIÉ d'ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun. Tá a bheartas rialachais chorparáidigh féin curtha i dtoll a chéile ag an mBord d'fhonn éifeacht a thabhairt don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i mí Lúnasa 2016. Tá feidhm ag leagan na bliana 2016 i leith tréimhsí tuairiscithe airgeadais a thosaíonn ar an 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh sin. Tá an Chuideachta ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha maidir le tabhairt isteach an Chóid Cleachtais nua a eisíodh, a mbeidh feidhm aige i leith CIÉ don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017. Tá breithniú déanta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar na ceanglais nua agus déanfar athbhreithniú i rith 2017 ar na bearta atá le déanamh ag CIÉ chun na ceanglais sin a chomhlíonadh go cuí.

## An Bord

Cuimsíonn an Bord dáréag Comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas. I rith na bliana bhí ceathrar Comhalta Oibrí ina measc siúd. Ceapann an Rialtas na Comhaltaí Oibrí ar feadh téarma ceithre bliana, le toghchán i measc fhoireann an Ghrúpa. Ó dheireadh na bliana tá Comhalta Oibrí amháin imithe ar scor agus is triúr Comhaltaí Oibrí atá ar an mBord faoi láthair.

Buaileann an Bord le chéile gach mí agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó athbhreithniú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil, na buiséid, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitiúil suntasach, ceapacháin lucht ardbhainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

## Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iadsan an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Coiste Sábháilteachta, an Coiste Luacha Saothair agus an Coiste Straitéise. Tá liosta comhaltaí gach ceann de na coistí ar leathanach 27.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ('CIR')

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an CIR agus bíonn suas le ceathrar Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin air. Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire in 2016.

Áirítear le príomhdhualgais an CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann an CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, Deloitte, le linn na bliana tar éis próiseas tairisceana iomaíche. Mhol an CIR don Bhord gur cheart Deloitte a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017.

Níorbh ann do cheangaltais chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar an CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúchóireachta a chuireann Deloitte ar fáil, tar éis gur ceapadh é, chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúchóireachta dar luach €0.2 milliún ar fáil don Ghrúpa in 2016. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann an CIR go dtéann cineál ná fairsinge na hoibre breise ar tugadh fúithi i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúchóra.

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar an CIR. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe den CIR agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú gur féidir leis na hiniúchóirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí an Ghrúpa trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca de chuid Fhochuideachtaí Oibríocha Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tréimhsiúil le lucht ardbhainistíochta CIÉ. Chomh maith leis sin, ceadaíonn an CIR cláir oibre na hiniúchóireachta inmheánaí don Ghrúpa, buaileann sé go tréimhsiúil le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois.

## An Coiste Airgeadais

Tá ceathrar Comhaltaí Boird ar an gCoiste Airgeadais agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn aige.

Áirítear leis an bpróiseas trína bhfeidhmíonn an coiste iad seo a leanas: bualadh le Príomhoifigeach Airgeadais agus lucht ardbhainistíochta na bhfochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chistiú chlár caipitiúil an Ghrúpa, ar an ord tosaíochta a thugtar do bhearta caiteachais chaipitiúil na bhfochuideachtaí, ar bhuiséid chaipitiúla agus oibriúcháin bhliantúla, agus ar bheartais an Ghrúpa i dtaobh an chiste agus i dtaobh soláthair agus diúscartha.

Ina theannta sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar mhaoin tráchtála an Ghrúpa agus ar a chuid straitéisí árachais agus airgeadais. Tá sé freagrach chomh maith as a chinntiú go n-éascaíonn córais faisnéise bhainistíochta an Ghrúpa do straitéisí airgeadais an Bhoird a chur chun feidhme go héifeachtach.

## Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Tá freagracht iomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Ghrúpa. Níl na córais sin in ann ach deimhniú réasúnta a thabhairt i gcoinne míráiteas ábhartha nó caillteanas ábhartha, agus ní deimhniú iomlán.

Áirítear ar chórais rialaithe iomláin an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir lena ngabhann teorainneacha údaráis i scríbhinn, leithscaradh cuí dualgas agus modhanna tuairiscithe don lucht ardbhainistíochta, do bhoird na bhfochuideachtaí, d'fhochoistí boird agus don Bhord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar phríomhréimsí riosca airgeadais lena n-áirítear riosca i dtaobh an chiste.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad a ceadaíodh roimh ré ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Déanann an Bord athbhreithniú ar na tuarascálacha sin ag gach cruinniú Boird.
- Bunú treoirlínte soiléire chun an caiteachas caipitiúil a cheadú agus a rialú. Áirítear leo sin ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitiúil a cheadaíonn an Bord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus staidéir mhionsonraithe indéantachta agus measúnaithe ar thionscadail chaipitiúla ar suntasach iad ar bhonn aonair sula gceadaíonn an leibhéal cuí údaráis iad (lena n-airítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcás tionscadail mhóra). Maidir le mórthionscadail chaipitiúla, ullmhaítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don lucht bainistíochta agus do bhoird na fochuideachta ábhartha. Ní mór páipéar foirmiúil socraíochta a chur i gcrích i leith na mórthionscadal caipitiúil uile.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, cuireann an Grúpa Comhairleach Bonneagair comhairle ar bhord Iarnród Éireann agus ar an bhfoireann bainistíochta innealtóireachta maidir le feidhmíocht, an straitéis bainistíochta sócmhainní, straitéisí oibríochtúla i dtaobh innealtóireachta, athruithe rialála a mheas, agus tionscadail chaipitiúla a mheas agus a athbhreithniú.

Déanann rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa, a gclúdaíonn a ról an grúpa ar fad, athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe sin, leagann rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa béim ar réimsí atá níos mó i mbaol faoi mar a shainaithnítear iad ina creat anailíse riosca. Sainítear ról agus freagrachtaí rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa i gcairt arna ceadú ag an mBord. Tuairiscíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa go foirmiúil don CIR.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an CIR, ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais trí na bearta seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chlár na hiniúchóireachta inmheánaí (arna ullmhú tar éis an phróisis um measúnú riosca iniúchóireachta) agus breithniú ar na mórthorthaí.
- Breithniú ar mhórthorthaí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchóra sheachtraigh, ina bhfuil sonraí ar aon saincheisteanna rialaithe ábhartha a d'eascair as a iniúchadh ar na ráitis airgeadais.
- Athbhreithniú agus maoirsiú neamhspleách ar leordhóthanacht agus críochnúlacht Bheartas Rioscaí agus Chreat Rioscaí an Ghrúpa. Monatóireacht ar phróifíl riosca an Ghrúpa, ar stádas na rioscaí i gcoinne fonn rioscaí agus ar na pleananna chun déileáil leis na príomhrioscaí, idir rioscaí aitheanta agus iad siúd atá ag teacht chun cinn. Coinnítear clár rioscaí ar bhonn Córas Faisnéise um Bainistíocht Rioscaí, ar ardán so-iniúchta é chun taifead agus tuairisciú fíor-ama a dhéanamh ar rioscaí chun éascú dá gcur i dtoll a chéile, dá dtábhacht a threisiú agus do thuairiscí tréimhsiúla a thabhairt ina leith.

## Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

## Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2016.

| Comhalta Boird | Bord CIÉ | An Coiste Airgeadais | An Coiste Iniúchóireachta | An Coiste Luacha Saothair | An Coiste Sábháilteachta | An Coiste Straitéise |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Vivienne Jupp | 10/10 | | | 5/6 | | 10/10 |
| Ultan Courtney | 10/10 | 9/10 | | 6/6 | | 10/10 |
| Phil Gaffney | 10/10 | | 6/8 | 6/6 | 4/4 | 9/10 |
| Bill McCamley | 8/10 | | | | | |
| Aebhric McGibney* | 9/10 | 10/10 | 3/4 | | | |
| John Moloney | 9/10 | | | | | |
| Christine Moran | 9/10 | 8/10 | 8/8 | | | |
| Aidan Murphy* | 10/10 | 9/10 | | 5/6 | | 10/10 |
| Tom O'Connor | 9/10 | | | | 3/4 | |
| Ruairi O'Flynn* | 9/10 | | | | | 8/10 |
| Niamh Walsh* | 10/10 | | 6/8 | 6/6 | 4/4 | |
| Tommy Wynne | 10/10 | | | | | |

* *Is ar an teileafón a d'fhreastail an tUasal O'Flynn ar dhá chruinniú de Bhord CIÉ, is ar an teileafón a d'fhreastail an tUasal Murphy ar chruinniú amháin de chuid Choiste Airgeadais an Bhoird agus ar chruinniú amháin de Choiste Straitéise an Bhoird, is ar an teileafón a d'fhreastail an tUasal McGibney ar chruinniú amháin de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird, agus is ar an teileafón a d'fhreastail Niamh Walsh Uasal ar chruinniú amháin de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird.*

## Gnóthas Leantach

Tá na Comhaltaí Boird deimhin go mbeidh dóthain acmhainní ag CIÉ agus ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar síníodh na ráitis airgeadais. Dá réir sin, tá bonn an ghnóthais leantaigh fós á roghnú acu agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Dírítear d'aird ina leith sin ar Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**Thar ceann an Bhoird**

**Vivienne Jupp**
*Cathaoirleach*

**Christine Moran**
*Comhalta Boird*

**29 Meitheamh 2017**

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais CIÉ (an mháthairchuideachta) agus Ghrúpa CIÉ ('an Grúpa') a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Faoin dlí, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais. Faoin dlí sin, d'ullmhaigh na Comhaltaí Boird na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairshealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:

- idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a chinntiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

**Thar ceann an Bhoird**

**Vivienne Jupp**
*Cathaoirleach*

**Christine Moran**
*Comhalta Boird*

**29 Meitheamh 2017**

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i leith Chóras Iompair Éireann ('CIÉ')

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2016, ina gcuimsítear an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais, an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite agus Clár Comhardaithe na Cuideachta, an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe i gCothromas agus Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe i gCothromas, Ráiteas Comhdhlúite agus Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha agus nótaí 1 go 31 a ghabhann leo. Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm i leith ullmhú ráitis airgeadais an ghrúpa agus ráitis airgeadais na máthairchuideachta ná an tAcht Iompair, 1950 agus na Cleachtais Chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, FRS 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

Ullmhaíodh an tuarascáil seo don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus dó sin amháin de réir Alt 34(3) den Acht Iompair, 1950. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua leis an Aire na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leis i dtuarascáil iniúchóirí agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus an tAire as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.

## Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith deimhin gur léargas fíorcheart a thugtar iontu agus go gcomhlíonann siad an tAcht Iompair, 1950 i ngach aon slí eile. Is muidne atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Faoi na caighdeáin sin, ceanglaítear orainn na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta a chomhlíonadh.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus an nochtadh atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide. Áirítear leis sin measúnú ar: cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí an ghrúpa agus na máthairchuideachta agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go himleor iad; a réasúnaí is a bhí na meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais go léir agus an fhaisnéis neamhairgeadais go léir atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun faisnéis ar bith a shainaithint ar cosúil go bhfuil sí mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuaireamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta seo, nó nach dtagann go hábhartha leis an eolas sin. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim é:

- go dtugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain dar críoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus de réir cheanglais an Achta Iompair, 1950.

## Ábhair ar aontaíomar tuairisc a thabhairt ina dtaobh

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim é go raibh taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Measaimid go bhfuil an fhaisnéis atá sonraithe i dTuarascáil an Chathaoirligh ag teacht leis na ráitis airgeadais.

## Nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 13.1 (iii) den Chód ag an nGrúpa sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais atá riachtanach faoin gCód, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn ag éirí as an bhfreagracht sin.

**Ciarán O'Briain**

**Ar son agus thar cheann Deloitte**
*Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla*
*Baile Átha Cliath*

**30 Meitheamh 2017**

# Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó oibríochtaí | *3* | 893,564 | 846,037 |
| Fáltais ó chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | *12* | 212,071 | 189,575 |
| Cistiú eile ón Stát | *12* | 104,586 | 112,944 |
| Deontais ioncaim eile | *12* | 8,140 | 4,490 |
| **Ioncam iomlán** | *3* | **1,218,361** | **1,153,046** |
| An párolla agus costais ghaolmhara | *5* | (576,391) | (564,716) |
| Costais ábhar agus seirbhísí | *6* | (583,755) | (540,044) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(1,160,146)** | **(1,104,760)** |
| **TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla** | | **58,215** | **48,286** |
| Míreanna eisceachtúla | *7* | 22,527 | (2,846) |
| Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil | *8* | (50,435) | (55,845) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | *9* | 8,311 | 1,511 |
| **Barrachas/(easnamh) oibriúcháin an Ghrúpa roimh ús agus cáin** | | **38,618** | **(8,894)** |
| Ús infhála agus ioncam dá shamhail | *10* | 436 | 103 |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | *10* | (9,612) | (17,390) |
| **Glanchostas úis** | | **(9,176)** | **(17,287)** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh cháin** | | **29,442** | **(26,181)** |
| Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí | *11* | (1,255) | (252) |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **28,187** | **(26,433)** |

# Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | | 28,187 | (26,433) |
| **Ioncam cuimsitheach eile:** | | | |
| Atomhas na ndliteanas sochar iarscoir | *25* | (436,480) | 437,168 |
| Fálú ar an sreabhadh airgid | | | |
| – Athaicmiú sa chuntas brabúis agus caillteanais | | 25,867 | 19,743 |
| – Athrú ar luach na n-ionstraimí fálaithe | | 3,813 | (20,784) |
| | *27* | **29,680** | **(1,041)** |
| **(Costas)/ioncam cuimsitheach eile don bhliain, glan ar cháin** | | **(406,800)** | **436,127** |
| **(Costas)/ioncam cuimsitheach iomlán i leith na bliana** | | **(378,613)** | **409,694** |

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

## Amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | *14* | 7,251 | 9,036 |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *15* | 2,953,817 | 3,063,609 |
| | | **2,961,068** | **3,072,645** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | *17* | 59,204 | 57,370 |
| Féichiúnaithe | *18* | 57,514 | 76,298 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 114,270 | 59,404 |
| | | **230,988** | **193,072** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *19* | (463,714) | (468,089) |
| **Glandliteanas reatha** | | **(232,726)** | **(275,017)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha** | | **2,728,342** | **2,797,628** |
| Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | *20* | (28,043) | (45,498) |
| Ioncam iarchurtha | *23* | (2,331,973) | (2,454,036) |
| **Soláthairtí in aghaidh dliteanas** | | | |
| Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas | *22* | (223,531) | (215,982) |
| Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta | *25* | (729,699) | (288,403) |
| **Glandliteanas** | | **(584,904)** | **(206,291)** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste caipitil | | 28,556 | 28,556 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | (625,971) | (247,358) |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | 12,511 | 12,511 |
| | | **(584,904)** | **(206,291)** |

**Thar ceann an Bhoird**

**Vivienne Jupp**
*Cathaoirleach*

**Christine Moran**
*Comhalta Boird*

**29 Meitheamh 2017**

# Clár Comhardaithe Eintiteas CIÉ

## Amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | *14* | 180 | 66 |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *15* | 765,597 | 769,598 |
| Sócmhainní airgeadais | *16* | 294,246 | 294,246 |
| | | **1,060,023** | **1,063,910** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | *18* | 12,338 | 3,697 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 108,789 | 55,515 |
| | | **121,127** | **59,212** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *19* | (269,353) | (261,713) |
| **Glandliteanas reatha** | | **(148,226)** | **(202,501)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha** | | **911,797** | **861,409** |
| Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | *20* | (28,043) | (45,498) |
| Ioncam iarchurtha | *23* | (541,491) | (542,272) |
| **Soláthairtí in aghaidh dliteanas** | | | |
| Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas | *22* | (2,278) | (2,994) |
| Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta | *25* | (729,699) | (288,403) |
| **Glandliteanas** | | **(389,714)** | **(17,758)** |
| | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste caipitil | | 28,556 | 28,556 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | (430,781) | (58,825) |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | 12,511 | 12,511 |
| | | **(389,714)** | **(17,758)** |

**Thar ceann an Bhoird**

**Vivienne Jupp**
*Cathaoirleach*

**Christine Moran**
*Comhalta Boird*

**29 Meitheamh 2017**

# Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothromas Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2016

| | Cúlchiste caipitil €000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €000 | Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha €000 | Cothromas iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015 | 28,556 | (657,052) | 12,511 | (615,985) |
| Brabús don bhliain airgeadais | – | (26,433) | – | (26,433) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais | – | 436,127 | – | 436,127 |
| Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais | – | 409,694 | – | 409,694 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **28,556** | **(247,358)** | **12,511** | **(206,291)** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016 | 28,556 | (247,358) | 12,511 | (206,291) |
| Brabús don bhliain airgeadais | – | 28,187 | – | 28,187 |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais | – | (406,800) | – | (406,800) |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais | – | (378,613) | – | (378,613) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016** | **28,556** | **(625,971)** | **12,511** | **(584,904)** |

# Ráiteas um Athruithe ar Chothromas i gcás Eintiteas CIÉ Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2016

| | Cúlchiste caipitil €000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €000 | Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha €000 | Cothromas iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015 | 28,556 | (467,426) | 12,511 | (426,359) |
| Brabús don bhliain airgeadais | – | (28,567) | – | (28,567) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais | – | 437,168 | – | 437,168 |
| Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais | – | 408,601 | – | 408,601 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | **28,556** | **(58,825)** | **12,511** | **(17,758)** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016 | 28,556 | (58,825) | 12,511 | (17,758) |
| Brabús don bhliain airgeadais | – | 64,524 | – | 64,524 |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais | – | (436,480) | – | (436,480) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | – | (371,956) | – | (371,956) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016** | **28,556** | **(430,781)** | **12,511** | **(389,714)** |

# Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 24 | 103,589 | 65,893 |
| Cáin ioncaim a íocadh | | (1,206) | (987) |
| **Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **102,383** | **64,906** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | | (149,625) | (182,299) |
| Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe | | (2,446) | (1,443) |
| Diúscairt sócmhainní airgeadais | | – | 20 |
| Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | 9,300 | 1,536 |
| Fáltas ó dheontais stáit agus deontais ón Aontas Eorpach | | 111,202 | 144,404 |
| Ús faighte | | 436 | 103 |
| **Airgead glan (arna úsáid sna)/a eascraíonn as na gníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(31,133)** | **(37,679)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Aisíocaíocht iasachtaí bainc | | (13,000) | (13,000) |
| Fáltas ó eisiúint iasachtaí bainc | | – | – |
| Íocaíochtaí léasa airgeadais | | (123) | (2,078) |
| Ús íoctha | | (3,000) | (3,355) |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **(16,123)** | **(18,433)** |
| **Glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **55,127** | **8,794** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 59,143 | 50,349 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **114,270** | **59,143** |
| | | | |
| **Cuimsítear san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid:** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 114,270 | 59,404 |
| Rótharraingtí bainc | | – | (261) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **114,270** | **59,143** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite Chóras Iompair Éireann ('CIÉ') ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Is é CIÉ údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

**Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta**

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

*(a) Bunús an Ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais áirithe a thomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilítear freisin go ndéanfadh na Comhaltaí Boird breithiúnas agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (w) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí nochta áirithe d'eintiteas incháilithe, faoi réir coinníollacha áirithe, ar comhlíonadh iad, lena n-áirítear fógra a thabhairt do scairshealbhóirí an eintitis i leith na ndíolúintí agus gan aon agóid ina gcoinne a bheith ag na scairshealbhóirí.

Bhain CIÉ, an tEintiteas, leas as an díolúine ó ráiteas ar shreabhadh airgid a ullmhú, ar an mbonn gur eintiteas incháilithe é, agus folaíonn an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, atá ina chuid de na ráitis airgeadais seo, sreafaí airgid an Eintitis, sa mhéid is gur tharla sreabhadh airgid idir an t-eintiteas agus páirtithe lasmuigh den Ghrúpa.

Níor chuir CIÉ i láthair cuntas brabúis agus caillteanais (Ráiteas Ioncaim) an mháthaireintitis, ar an mbonn gurb é an cleachtas a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn i gcás grúpaí é díolúine faoi Dhlí na gCuideachtaí a ghlacadh maidir le Ráiteas Ioncaim a chur i láthair. Cé nach bhfuil aon díolúine shonrach san Acht Iompair, 1950, ghlac an Grúpa an seasamh sin ar an mbunús nach mór na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach ag an Aire.

*(b) Bunús an Chomhdhlúite*

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais CIÉ agus a chuid fochuideachtaí:

- Iarnród Éireann – Irish Rail
- Bus Éireann – Irish Bus
- Bus Átha Cliath – Dublin Bus
- CIÉ Tours International Incorporated

Tá deireadh thréimhse airgeadais na bhfochuideachtaí go léir ag teacht le deireadh thréimhse airgeadais CIÉ. Fochuideachtaí is ea na heintitis go léir ar féidir le CIÉ a mbeartais airgeadais agus oibriúcháin a rialú, rud a thagann de ghnáth le scairsheilbh arb ionann í agus níos mó ná leath na gceart vótála.

*(c) Airgeadra Eachtrach*

*(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*

Is é an euro airgeadra feidhmiúil CIÉ agus gach ceann dá fhochuideachtaí agus is é an euro airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa, arna ainmniú ag an tsiombail "€". Mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€'000).

*(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhála agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'costais ábhar agus seirbhísí'.

*(d) Ioncam*

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear an t-ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar gach ceann de na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim.

Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus caillteanais thar thréimhse an táirge ábhartha. Aithnítear ioncam eile ó iompar poiblí nuair a chuireann an custaiméir an t-aistear i gcrích.

Aithnítear an t-ioncam lasta agus an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir.

Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid gur aithníodh costais iomchuí a tabhaíodh atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

Tagann ioncam CIÉ Tours International Incorporated ó sholáthar seirbhísí arna dtairiscint lena n-áirítear Turais sceidealta, grúpaí agus Taisteal Coigríche Neamhspleách. Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas maidir le soláthar na seirbhísí arna dtairiscint agus aithnítear é nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

*(e) Íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais eile ón Státchiste*

Aithníonn an Grúpa deontais rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhraithe faoi FRS 102.

*(i) Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP')*

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

*(ii) Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil*

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

*(iii) Deontais Ioncaim*

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

*(iv) Deontas Conartha Ilbhliantúil i dtaobh Bainistíocht Bonneagair*

Aithnítear deontais mar ioncam iarchurtha nó aithnítear láithreach iad mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais, trí thagairt don bhonnghníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena cúiteamh. Na deontais chaipitil faoin gConradh Ilbhliantúil a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch tuartha na sócmhainní gaolmhara.

### *(f) Costais Ábhar agus Seirbhísí*

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí an Ghrúpa ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá tuilleadh sonraí ina leith i Nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### *(g) Costais Eisceachtúla*

I gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a mheasann an Bord nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Grúpa go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le míreanna den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú, úsáideann an Bord idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

### *(h) Ús*

Áirítear le hioncam airgeadais agus costais airgeadas an Ghrúpa:

- ioncam úis;
- costas úis;
- an gnóthachan nó an caillteanas ó aistriú airgeadra eachtraigh ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais;
- an gnóthachan nó an caillteanas glan ar ionstraimí fálaithe arna n-aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas; agus
- athrangú na méideanna a bhaineann le fálú ar shreabhadh airgid a aithníodh roimhe seo san ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear ioncam úis nó costas úis trí mhodh an ghlanráta úis. Lena chois sin déantar leachtú na lascainí ar sholáthairtí agus an glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe a chur de mhuirear ar na costais airgeadais.

### *(i) Cáin Ioncaim*

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó beagnach achtaithe faoi dheireadh na bliana airgeadais.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

*(j) Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara*

Nochtann Grúpa CIÉ idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán.

*(k) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe*

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

*(l) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe*

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

*(i) Línte iarnróid agus oibreacha iarnróid*

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann an caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha. Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, lena bhféachtar chuige go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus caillteanais.

*(ii) Rothstoc iarnróid*

Déantar na hinnill traenach (seachas iadsan atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas), na ráilcharranna, an stoc cóistí agus na vaigíní a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair*

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhlít, ar feadh a saol úsáidigh thuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

*(iv) Feithiclí lasta bóthair*

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(v) Talamh agus foirgnimh*

Áirítear le talamh agus foirgnimh talamh agus foirgnimh ruílse, ionaid mhiondíola agus oifigí. Déantar talamh agus foirgnimh a thabhairt anonn ar a gcostas (nó ar a gcostas measta más talamh nó foirgnimh atá i gceist a ndearnadh athluacháil orthu roimhe seo faoi ngnáthchleachtas cuntasaíochta) lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha.

Tá maoine áirithe laistigh den ghrúpa ar maoine úsáide ilchineálaí iad toisc go bhfaigheann an Grúpa ioncam incriminteach as ucht aonaid mhiondíola sna stáisiúin a ligean ar cíos le tríú páirtithe agus ioncam cíosa ar mhaoine áirithe eile nach mbaineann an Grúpa lán-úsáid astu. Ós rud é nach féidir luach cóir chomhpháirte na maoine infheistíochta a thomhas go hiontaofa gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí a bheith i gceist, áfach, cuirtear na maoine ar fad san áireamh i gcáil mhaoine, gléasra agus trealaimh de réir Alt 17 de FRS 102.

*(vi) Droichid, dugaí, cuanta agus calaí, comharthaíocht, gléasra agus innealra agus trealamh lónadóireachta*

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(vii) Dímheas agus luachanna iarmharacha*

Déantar dímheas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímheasa agus an tsaoil úsáidigh thuartha, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | modh an mhéid chothroim | 10-40 bliain |
| Droichid | modh an mhéid chothroim | 120 bliain |
| Rothstoc iarnróid | modh an mhéid chothroim | 4-20 bliain |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | modh an chéatadáin laghdaithigh | 8-14 bliana |
| Busanna scoile | modh an mhéid chothroim | 8-14 bliana |
| Feithiclí lasta bóthair | modh an mhéid chothroim | 1-10 mbliana |
| Foirgnimh ruílse | modh an mhéid chothroim | os cionn 50 bliain |
| Gléasra agus innealra | modh an mhéid chothroim | 3-30 bliain |
| Comharthaíocht | modh an mhéid chothroim | 10 mbliana |
| Dugaí, cuanta agus céanna | modh an mhéid chothroim | os cionn 50 bliain |
| Trealamh lónadóireachta | modh an mhéid chothroim | 5-10 mbliana |

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

*(viii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain*

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Ghrúpa agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte ionaid. Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

*(ix) Dí-aithint*

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar geilleagrach sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas.

*(m) Sócmhainní Oidhreachta*

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag an nGrúpa, feithiclí a bhíodh sa fhlít den chuid is mó, agus plátaí, suaitheantais agus déantáin éagsúla. Déantar na sócmhainní sin a chothabháil ar mhaithe le heolas agus cultúr amháin agus is sócmhainní oibriúcháin a bhí i gceist lena bhformhór tráth.

Mar gheall ar chineál éagsúil na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchomparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Dá bhrí sin, is luach nialais atá ag na sócmhainní sin i dtaobh tuairisciú airgeadais.

*(n) Lagú na Sócmhainní Neamhairgeadais*

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais.

Má aisiompaítear caillteanas lagaithe (níl feidhm ag cúiseanna an chaillteanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a bheadh cinnte (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

*(o) Sócmhainní Airgeadais*

Déantar infheistíocht CIÉ i bhfochuideachtaí a thabhairt anonn ar a costas stairiúil lúide caillteanais lagaithe charntha.

*(p) Stoic*

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc a luacháil ar a mheánchostas ualaithe nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus costas láimhseála atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bogadh an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an gcuid bhreise den 'stoc gluaiseachta' ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (CME) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Cuirtear soláthar i bhfeidhm i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórpháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheaptar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, coinnítear ar seilbh iad i gcáil sócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

*(q) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid*

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile ag a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíochtaí bunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

*(r) Ionstraimí Airgeadais*

Roghnaigh an Grúpa forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

*(i) Sócmhainní Airgeadais*

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an nGrúpa lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile agus airgead agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

